

Is ár mBreathimeacht é
Freisin:
Ceartha Leanaí,
Guthanna Leanaí

Tuarascáil Chomhdhála, 10 Samhain 2017

CLÁR ÁBHAIR

Réamhrá	4
Buíochas	6
Achoimre Fheidhmiúcháin	7
Cuid 1: Ag Éisteacht le Daoine Óga	11
Díospóireachtaí chaife óige	
• Saoirse Gluaiseachta	12
• Sláinte agus Míchumas	14
• Oideachas	18
• Cosaint Leanaí	21
• Caighdeán Maireachtála	23
• Féiniúlacht agus Neamh-Idirdhealú	25
• Cosaint bhreise ag teastáil ó leanaí neamh-AE	28
Príomhtheachtaireachtaí ó na rannpháirtithe óga	30
Cuid 2: Cur i láthair ag Ionadaithe Rialtais	31
An Tánaiste Simon Coveney	32
An tAire Chloe Smith	33
Díospóireacht phainéil	35
Aguisíní	
1. Clár comhdhála	38
2. Eolas chúlra ar théamaí díospóireachta	39
3. Ceisteanna ó rannpháirtithe óga don phainéal	54

RÉAMHRÁ



Ní rabhthas ag súil leis an nuacht a chualamar go léir ar fud na hÉireann agus na Ríochta Aontaithe an 24 Meitheamh 2016, tar éis vóta an Bhreitheamh agus ní rabhthas ar an eolas faoi na himpleachtaí iomlána a bhí i gceist leis. Mar sin féin, ba léir gurb iad leanaí an lae inniu an chéad ghlúin a bheidh orthu déileáil leis an tionchar iomlán tar éis don Ríocht Aontaithe an AE a fhágáil.

Chuir ár rialtais de chúram ar an mbeirt againn mar Choimisinéir agus Ombudsman a chinntiú go ndéanfar cearta na leanaí agus na ndaoine óga a urramú, rud a chiallaíonn:

- gur chóir éisteacht lena nguthanna agus
- gur chóir a gcuid leasanna a chur san áireamh nuair a dhéantar cinntí a mbeidh tionchar acu orthu.

Baineann sé seo le gach próiseas a mbeidh tionchar aige ar a saolta, lena n-áirítear an Breitheamh, rud a bheidh mar chúis le mórathruithe i saol gach duine a chónaíonn ar na hoileáin seo. Níor tugadh deis do leanaí agus do dhaoine óga faoi bhun 18 mbliana d'aois vóta a chaitheamh ar an

gcinneadh is tábhachtaí seo. Is léir anois nach ndearnadh machnamh iomlán ar an tionchar a bheadh aige ar leanaí, daoine óga agus ar a dteaghlaigh atá ina gcónaí in oileán na hÉireann. Ach is iad na daoine óga sin ar an dá thaobh de theorainn na hÉireann a bheidh orthu déileáil go dlúth leis na hiarmhairtí ollmhóra, dearfacha agus diúltacha, den vótáil thábhachtach seo.

Dá bhrí sin, tháinig ár dhá nOifig le chéile chun deis a thabhairt do dhaoine óga ar an dá thaobh den oileán seo a gcuid smaointe a chur in iúl agus go measann na cinnteoirí iad ar fud na gcomhlachtaí reachtacha ábhartha (Westminster, Dáil Éireann, Parlaimint na hEorpa). Thug ár n-oifigí tacaíocht do ghrúpa de dhaoine óga ón dá thaobh den teorainn chun an ócáid seo a phleanáil, lena n-áirítear ligeadh dóibh a gcuid tuairimí, a n-ionchais agus a n-eagla i ndáil leis an mBreitheamh a chur in iúl.

Phleanáil siad agus réachtáil siad an ócáid iomlán agus bhíomar ábalta rannpháirtíocht a áirithiú ón Tánaiste Simon Coveney (trí theachtaireacht físe), Fo-Rúnaí Stáit Parlaiminte do Thuaisceart Éireann, Chloe Smyth MP,

Mairéad McGuinness FPE, Jim Nicholson FPE, An Dochtúir Fergal Lynch (Ard-Rúnaí den Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige i bPoblacht na hÉireann) agus Paul Brush (Ceann Caidrimh Todhchaí an AE, TEO).

Bhí áthas orainn chomh maith go raibh roinnt de cheannairí polaitiúla agus cathartha ann chun éisteacht le daoine óga agus páirt a ghlacadh leo. Mar sin féin, is ón 120 duine óg ar tháinig an rannpháirtíocht ba thábhachtaí, daoine óga a tháinig ó gach cearn den oileán, a chaith an lá ag plé le saincheisteanna ar nós Oideachais, Cosaint Leanaí, Saoirse Gluaiseachta agus Sláinte.

Ba í an chúis a bhí leis an imeacht seo ná teachtaireacht a sheoladh **go bhfuil rudaí le rá acu siúd nach bhfuil vóta acu**. Dá bhrí sin is achoimre í an tuairisc seo ar an lá iontach sin inar threoraigh daoine óga na saincheisteanna a bhaineann leis an mBreatimeacht agus ina ndearnadh siad díospóireacht, plé agus taifeadadh orthu. D'aithin siad go léirsteanach na réimsí ina bhféadfadh a gcearta a bheith faoi bhagairt mar gheall ar chinntí an Bhreatimeachta. Ní raibh siad ag tabhairt le fios go ndearna ceannairí polaitiúla neamhaird ar a gcuid ceisteanna ná gur mhian leo na córais atá i bhfeidhm a bhriseadh síos.

Mar sin féin, bhí imní orthu, i measc na nithe a bhfuil gá le comhaontú a dhéanamh orthu, tríd idirbheartaíocht an Bhreatimeachta agus an idirthréimhse, go bhféadfaí tionchar neamhbheartaithe a bheith ar shaincheisteanna a bhí lánach dá saol agus dá ndeiseanna sa todhchaí. I gcás de go leor acu, bhí cuma air nach raibh tuiscint ag na cinnteoirí ar réaltacht a saol agus ar an gcaoi a bhféadfadh tionchar fíor a bheith ag cinní faoin gComhlimistéar Taistil, ag

cainteanna maidir le teorainn bhogchrua nó ag cailteanas de chlár mhaoinithe an AE ar a saol anois agus i bhfad amach anseo.

Leagtar amach sa tuarascáil seo na tuairimí a léirigh na daoine óga ar an lá. Tá súil againn go cabhair luachmhar é do phleanáil agus do phróiseáil an Bhreatimeachta agus go gcuirfidh na príomh-imreoirí go léir, sa Ríocht Aontaithe agus sa "27 tír Eorpach" na guthanna den chohórt is tábhachtaí seo san áireamh, agus iad ag cinneadh na cuma deireanaí de dhomhan i ndiaidh an Bhreatimeachta.

Niall Muldoon
Ombudsman do Leanaí

Koulla Yiasouma
Coimisinéir Thuaisceart Éireann um Leanaí agus Daoine Óga

BUÍOCHAS

Ba mhaith leis an Ombudsman do Leanaí agus an Coimisinéir Thuaisceart Éireann um Leanaí agus Daoine Óga aitheantas a thabhairt don rannpháirtíocht luachmhar ar thug an grúpa stiúrtha óige uile a d'oibrigh gan staonadh chun an chomhdháil seo a ullmhú agus a éascú. Go raibh maith agaibh go léir.

Alex Moore
Alice Blease
Arón Hughes
Ciara Fanning
Clithena McCafferty
Conor Kelly
Darragh McBrearty
Diarmuid Geever
Ella Conlon
John Ewing
Karina Tropman
Mary Vrinceanu
Matthew Robinson
Niamh Tubridy
Nora-May Pearman Howard
Oscar Despard
Pearse Smith
Roisin Costello
Ros Fennell
Tom Sharkey
Tadhg Murphy

Gabhaimid buíochas chomh maith lenár gcomhpháirtithe sa tionscadal seo as a dtacaíocht:

Comhairle Náisiúnta na nÓg

An tIonad Dí do Leanaí

Foróige Ireland

Fóram Óige Thuaisceart Éireann

ACHOIMRE FHEIDHMIÚCHÁIN



Príomhtheachtaireachtaí ó na rannpháirtithe óga

1. Beidh tionchar mór ar leith ag an mBreatimeacht ar dhaoine in Éirinn, sa Tuaisceart agus sa Deisceart, agus ba cheart breithniú speisialta a dhéanamh air seo le linn an phróiseas Idirbheartaíochta.
2. Beidh níos mó tionchair ag an mBreatimeacht ar leanaí agus ar dhaoine óga ná mar a bheidh aige ar aon ghrúpa eile, mar go gcaithfidimid déileáil leis na himpleachtaí ar feadh na tréimhse is faide. Mar sin, labhair linn faoi agus éist lenár dtuairimí.
3. Táimid tar éis teacht rófhada ón bhforéigean agus ó na deighiltí a bhí ann roimhe seo. Níl muid ag iarraidh cúlú go teorainn chrua agus go coimhlint a fheiceáil.
4. Gach gné de Chomhaontú Aoine an Chéasta a chosaint le linn an phróiseas Breatimeachta agus cearta na ndaoine óga i dTuaisceart Éireann a chosaint ionas go bhféadfaimid féin a mheas mar Bhriotanach, Éireannach nó iad araon.
5. Éagsúlacht a chur chun cinn agus cosc a chur le heasaontas a d'fhéadfadh dul in olcas, go háirithe maidir le naimhdeas i leith imirceach.
6. A chinntiú go teorainn bhog í teorainn an AE / an RA ar oileán na hÉireann. Saoirse gluaiseachta thar an teorainn a chosaint.
7. Tá an-ímní orainn go bhféadfadh an Breatimeacht srian a chur ar ár ndeiseanna sa todhchaí maidir le hobair, taisteal agus staidéar. Na deiseanna seo a chosaint agus tacú linn chun leas a bhaint as na deiseanna nua a d'fhéadfadh teacht chun cinn mar thoradh ar an mBreatimeacht.
8. Comhionannas de chaighdeáin agus de chomhaontuithe comhoibritheacha a choimeád, ar fud oileán na hÉireann maidir le príomhréimsí ar nós cúram sláinte, oideachas, póilíneacht, sábháilteacht agus cosaint leanaí.
9. Ligean do leanaí, daoine óga agus a dteaghlaigh leanúint ar aghaidh le rochtain a bheith acu ar sheirbhísí agus ar áiseanna ar gach taobh den teorainn, mar shampla i ndáil le sláinte, oideachas, gníomhaíochtaí spóirt agus cultúrtha. Ba cheart go ngeallann rialtas na Ríochta Aontaithe do leanúint le ballraíocht den LEE d'fhonn a chinntiú go gcoinneofar an Cárta Eorpach um Árachas Sláinte.

10. Ba cheart an t-airgead a d'íoc rialtas na Ríochta Aontaithe leis an AE roimhe seo a úsáid chun seirbhísí sláinte níos fearr a mhaoiniú agus chun an caillteanas den mhaoiniú AE a soláthraíodh do Thuaisceart Éireann roimhe seo a chúiteamh.

Moltaí

Saoirse gluaiseachta

- Ní mór teorainn chrua a sheachaint agus ní mór saorghluaiseacht a chothabháil thar an teorainn. Tá sé ríthábhachtach go ndéanfar an cur isteach a íoslaghdú ós rud é nach bhfuil daoine óga ag iarraidh dul ar ais go dtí an teorainn a bhí ann roimhe seo. Ba cheart don Rialtas breathnú ar shamplaí eile de theorainneacha boga agus d'fhéadfaí réitigh teicneolaíocha a bheith ann chun ligean do thaisteal éasca, ar nós cineálacha speisialta de chártaí / pasanna aitheantais nó seiceálacha uimhirphlátaí ar an teorainn.
- Ní mór taisteal éasca ar iompar poiblí thar an teorainn a choimead agus níor chóir táillí fánaíochta sonraí a thabhairt isteach arís idir an dá chuid den oileán.

Sláinte agus Míchumas

- Ní mór do na Rialtais a chinntiú go gcoimeádtar comhoibriú maidir le soláthar seirbhísí cúraim sláinte ar fud na hÉireann i ndiaidh an Bhreatimeachta. Ba chóir go mbeadh daoine fós ábalta rochtain a bheith acu ar sheirbhísí sláinte is gaire dóibh, is cuma an bhfuil sé seo suite ar an taobh eile den teorainn. Ba chóir go leanfaí ar aghaidh le sainsheirbhísí a phleanáil agus a sheachadadh ar

bhonn uile-oileáin, d'fhonn na torthaí is fearr a chur ar fáil d'othair.

- Níor chóir glacadh leis go gcuirfeadh an Breatimeacht srian ar chomhar agus rochtain ar sheirbhísí cúram sláinte, ach ba chóir do rialtais socruithe comhoibrithe a lorg le tíortha eile.
- Ba chóir don Ríocht Aontaithe fanacht sa LEE chun ligean do na socruithe maidir leis an gCárta Eorpach um Árachas Sláinte leanúint ar aghaidh. Más rud é nach leanfar ar aghaidh leis na socruithe maidir leis an gCárta Eorpach um Árachas Sláinte, ba chóir socrú den chineál céanna a chur i bhfeidhm d'oileán na hÉireann.
- Níor cheart go gcuirfí moill ar na hotharcharranna nuair a bhíonn orthu dul thar an teorainn agus ba cheart go mbeidís ábalta othair a thabhairt chuig an ospidéal is gaire, beag beann ar an taobh den teorainn ina bhfuil sé suite.
- Ní mór d'aon athruithe ar bheartais inimirce a chinntiú go bhféadfaidh oibrithe cúraim sláinte ó thíortha eile leanúint orthu ag obair sa Ríocht Aontaithe agus go mbíonn aitheantas leanúnach ann dár gcáilíochtaí gairmiúla.
- Ba chóir go bhfaigheadh an NHS (an tSeirbhís Náisiúnta Sláinte) níos mó acmhainní mar a bhí geallta i rith fheachtais reifreann an Bhreatimeachta.
- Ní mór do na Rialtais an tionchar a d'fhéadfadh a bheith ag an mBreatimeacht ar dhaoine óga faoi mhíchumas a mheas agus a mhaolú.

Oideachas

- Socruithe comhoibritheacha a choimeád chun rochtain leanúnach a chinntiú do leanaí agus do dhaoine óga do scoileanna ar bhonn trasteorann. Níor chóir go gcaithfeadh aon leanbh scoil a athrú mar gheall ar an mBreatimeacht.
- Saoirse gluaiseachta na leanaí agus na ndaoine óga thar an teorainn a chosaint ionas go mbeidís ag freastal ar scoil gan aon bhac orthu, lena n-áirítear busanna scoile a chur ar fáil thar an teorainn. Nuair atá cinntí eile á ndéanamh i ndáil leis an mBreatimeacht, go háirithe maidir leis an teorainn, ní mór d'idirbheartaithe féachaint ar an tionchar a bheidh aige ar rochtain na leanaí agus na ndaoine óga ar oideachas ionas go ndéantar droch-iarmhairtí diúltacha neamhbheartaithe a chosc.
- Leanúint le tacaíocht a thabhairt do chomhoibriú idir scoileanna i dTuaisceart Éireann agus i bPoblacht na hÉireann.
- Níor chóir srian a chur ar rochtain ar choláistí Breisoideachais ná ar Ollscoileanna ar bhonn trasteorann agus socrú a chur i bhfeidhm chun cosc a chur ar mhéadú de tháillí teagaisc do mhic léinn trasteorann.
- Ba chóir go mbeadh daoine óga i dTuaisceart Éireann fós ábalta leas a bhaint as na deiseanna arna soláthar ag an gclár Erasmus + i ndiaidh an Bhreatimeachta.
- Ní mór aitheantas a thabhairt do chúinsí áirithe de dhaoine ar oileán na hÉireann maidir le leas a bhaint as deiseanna le haghaidh socrúcháin agus oibre ar gach taobh den teorainn.
- Níor chóir go dtiocfadh aon athrú ar aitheantas trasteorann de cháilíochtaí acadúla agus gairmoideachais.
- Ba chóir do rialtas na Ríochta Aontaithe comhaontú a lorg leis an AE d'fhonn a chinntiú go bhféadfaidh daoine óga ó Thuaisceart Éireann, i ndiaidh an Bhreatimeachta, leanúint ar aghaidh ag taisteal chuig tíortha an AE le haghaidh cuairteanna staidéir agus go mbeidh an tsaoirse acu cónaí, staidéar agus / nó obair i dtíortha eile an AE.
- Ba chóir athbhreithniú a dhéanamh ar leibhéal cistí an AE a soláthraíodh d'oideachas i dTuaisceart Éireann agus ba chóir do rialtas na Ríochta Aontaithe an maoiniú seo a athsholáthar le linn an aistrithe seo ón AE.
- Ba chóir do rialtas na Ríochta Aontaithe iarracht a dhéanamh teacht ar chomhaontú ionas go bhféadfaidh ollscoileanna na Ríochta Aontaithe iarratas a dhéanamh ar mhaoiniú taighde AE nó ba chóir di na foinsí maoinithe seo a athsholáthar.

Cosaint leanaí

- Tá sé ríthábhachtach nach ndéantar neamhaird ar an tsaincheist i leith comhoibriú trasteorann agus comhoibriú AE a choimead maidir le cosaint leanaí i bhfabhar saincheisteanna níos suntasaí amhail trádáil, talmhaíocht nó an geilleagar.
- Mar gheall ar ról an AE maidir le cosaint leanaí agus frithgháinneáil, ní mór d'idirbheartaithe an Bhreatimeachta féachaint ar an gcaoi a bhféadfaidh siad mór-athruithe ar chosaint leanaí a íoslaghdú. Ní mór struchtúir ábhartha a bheith i bhfeidhm d'fhonn a chinntiú go mbeidh na seirbhísí cosanta leanaí oiriúnach ag obair sula bhfágfar an AE

agus go mbeidh comhionannas rialála ann ansin chun na socruithe seo a choimeád.

- Beidh sé tábhachtach comhaontuithe ábhartha a choinneáil i ndáil le hábhair ar nós comhroinnt sonraí agus an Barántas Gabhála Eorpach. Ní mór do Rialtais na Ríochta Aontaithe agus na hÉireann leanúint ar aghaidh leis na struchtúir reatha chomhordaithe phóilíneachta (ar nós Europol agus Eurojust).
- Agus cinneadh á dhéanamh ar an gcaoi a ndírítear ar rialáil ghluaiseachta thar an teorainn, ní mór do rialtais na Ríochta Aontaithe agus na hÉireann a chinntiú go bhfuil córais láidre i bhfeidhm chun cosc a chur ar gháinneáil leanaí agus a chinntiú go bhféadfadh gníomhaireachtaí forfheidhmithe dlí gáinneálaithe a ghabháil ar bhealach níos éasca.
- Ba chóir an idirthréimhse a úsáid chun athbhreithniú a dhéanamh ar chórais reatha um chosaint leanaí trasteorann agus AE ionas go bhféadfaidh an méid a bhfuil ag feidhmiú go maith a choinneáil agus feabhas a chur air seo nuair is féidir.

Caighdeán Maireachtála

- Ba chóir go n-úsáidtear roinnt den £350 milliún, a mhaígh lucht feachtais ar son an Bhreitheachta gurb é sin costas an AE ar an Ríocht Aontaithe in aghaidh na seachtaine, chun fóirdheontais fheirme agus cláir mhaoinithe éagsúla a sholáthraíonn an AE faoi láthair do Thuaisceart Éireann a athsholáthar.

Féiniúlacht agus neamh-idirdhealú

- Le Comhaontú Aoine an Chéasta ráthaítear comhionannas na gceart ó Thuaidh agus ó Dheas den teorainn. Ní mór do na Rialtais a chinntiú go ndéantar an prionsabal seo a chosaint i rith agus i ndiaidh an Bhreitheachta.
- Ba chóir teorainn chrua a sheachaint chun dea-chaidreamh a choinneáil idir Tuaisceart Éireann agus Poblacht na hÉireann. Ba cheart treoirínte comhionannais ar fud na Ríochta Aontaithe agus na hÉireann a chaighdeánú.
- Chomh maith le breithniú a dhéanamh ar thionchar an Bhreitheachta ar náisiúntacht, beidh sé tábhachtach machnamh a dhéanamh ar an gcaoi a bhféadfadh tionchar a bheith aige ar dhaoine d'eitneachtaí difriúla.
- Ba cheart straitéis shonrach a fhorbairt chun déileáil le hidirdhealú i dTuaisceart Éireann agus reachtaíocht a thabhairt ar aghaidh chun cosaint a thabhairt do: mná, mionlaigh eitneacha, daoine leispiacha, aeracha, déghnéasacha, trasinscneacha agus idirghnéasacha agus ligean d'inimircigh coireanna a thuairisciú gan eagla a bheith orthu faoi dhíbirt. Bhí moltaí ann freisin maidir le reachtaíocht níos forásaí maidir le cearta daoine idirghnéasacha a aithint.
- Ba cheart do na Rialtais feachtais a reáchtáil agus cláir fheasachta poiblí a mhaoiniú maidir le héagsúlacht agus neamh-idirdhealú. Ba cheart do na meáin éagsúlacht a chur chun cinn agus faisnéis a sholáthar maidir le saincheisteanna a bhaineann le hidirdhealú.
- Ba cheart 'ardán a thabhairt' do mhionlaigh chun aghaidh a thabhairt ar idirdhealú agus na saincheisteanna a phearsanú trí scéalta fíora a insint. Ba chóir go mbeadh páirt ag daoine a

ndearnadh idirdhealú orthu, chun oideachas a thabhairt do dhaoine eile maidir le neamhionannas. Ní mór cothromaíocht a bheith ann idir saoirse cainte agus an tábhacht a bhaineann le fuathchaint a sheachaint ionas nach gcuirfear chun cinn biogóideacht, ciníochais, homafóibe ná trasfóibe.

- Ba chóir oideachas ar idirdhealú agus éagsúlacht a chur i bhfeidhm ar fud na sochaí. Ba chóir go gcuimseofar anseo, oideachas do dhaoine óga i scoileanna chomh maith le hoideachas arna soláthar ag daoine óga don ghlúin níos sine. Aithníodh na póilíní mar ghrúpa tábhachtach freisin a bhfuil oideachas le cur orthu maidir le hidirdhealú agus éagsúlacht.

Cosaint bhreise ag teastáil ó leanaí neamh-AE

- Ní mór do rialtas na Ríochta Aontaithe gníomhú chun dul i ngleic le héadulaingt i leith imirceach, dídeanaithe agus iarrthóirí tearmainn, lena n-áirítear trí oideachas, feachtas a mhúscailt trí na meáin, reachtaíocht agus gníomhaireacht iar-Bhreatimeachta chun monatóireacht agus cosaint a dhéanamh ar chearta na n-imirceach. Ba chóir machnamh a dhéanamh ar 'Chairt' chun a gcearta a chumhdach agus a chosaint.
- Ní mór d'ionadaithe polaitiúla cuimhne a choinneáil ar chearta agus leasanna leanaí neamh-AE, i dteannta le leanaí an AE agus na Ríochta Aontaithe, ar fud na hidirbheartaíochta Breatimeachta.
- Ní mór cearta na leanaí chun saol teaghlaigh a chosaint i ndiaidh an Bhreatimeachta - cuimsítear anseo leanaí dídeanaí, iarrthóra tearmainn agus imirceacha. Ní mór leanúint ar aghaidh le leanaí scartha a athaontú

lena dteaghlaigh tríd an AE, nó trí nósanna imeachta eile.



CUID 1: AG ÉISTEACHT LE DAOINE ÓGA

Díospóireachtaí Chaifé Óige

Saoirse gluaiseachta

Tugadh pacáiste faisnéise do rannpháirtithe ina raibh cás-staidéir ann, a bhreathnaigh ar an gcaoi a bhféadfadh tionchar a bheith ag an mBreatimeacht ar leanaí agus ar dhaoine óga (féach ar Aguisín 2) agus tugadh cuireadh dóibh dul i mbun díospóireachtaí de stíl 'caifé óige' maidir leis na téamaí seo. Thosaigh siad trí roghnú suí ag an mbord, inar pléadh ceann amháin de na téamaí agus spreagadh iad chun pointí tábhachtacha a thaifeadadh ar bhileoga páipéir a raibh ar fud na mbord. Tar éis 20 nóiméad, bhog siad go dtí bord nua agus téama nua, ag cur a gcuid pointí leis na cinn a taifeadadh cheana féin ar na bileoga páipéir le linn na ndíospóireachtaí roimhe sin. Bhí siad in ann páirt a ghlacadh i gcúig dhíospóireacht chaife óige ar an iomlán, gach ceann acu dírithe ar théama difriúil. Is é seo a leanas achoimre ar na tuairimí a taifeadadh i ngach ceann den seacht dtéama.

Agus saoirse gluaiseachta á plé acu, smaoinigh na rannpháirtithe ar an gcaoi a dtrasnaíonn siad an teorainn faoi láthair le haghaidh cúiseanna éagsúla, déanann roinnt acu seo ar bhonn laethúil, agus ní dhéanann roinnt eile é chomh minic sin. Trasnaíonn siad an teorainn chun am a chaitheamh le teaghlaigh agus le cairde, chun dul ar scoil, coláiste nó chun dul ar shocrúcháin uaireanta. Scaití, trasnaíonn siad an teorainn chun rochtain a fháil ar sheirbhísí sláinte agus braitheann siad ar sheirbhísí éigeandála a bheith in ann trasnú an teorainn. Glacann siad páirt freisin i ngníomhaíochtaí sóisialta agus spóirt agus téann siad ag siopadóireacht nó ar thurais lae ar an taobh eile den teorainn.

Trasnaíonn tuismitheoirí de roinnt daoine óga an teorainn le haghaidh oibre.

Bhí imní orthu faoin tionchar a d'fhéadfadh a bheith ag an mBreatimeacht ar a saoirse maidir leis an teorainn a trasnú gan sriain, go háirithe dóibh siúd atá ina gcónaí in aice leis an teorainn a mbeidh orthu é seo a dhéanamh roinnt uaireanta sa lá. Bhí imní ar a lán daoine óga go mbeadh sé an-deacair agus go mbeadh scuainí rompu agus moill mhóra ar thurais ghearra, ar nós, turais go dtí agus ar ais ón scoil.

Léirigh na daoine óga imní freisin go mbeadh drochthionchar aige ar dhaoine a dteastaíonn uathu an teorainn a thrasnú i gcomhar a gcuid oibre, ar nós tiománaithe tacsáí.

Cheistigh na rannpháirtithe an gcaithfeadh siad foirm aitheanais a bheith orthu i gcónaí, agus dúirt roinnt acu go mbeadh fadhb acu leis seo, ós rud é nach bhfuil foirm aitheantais suas chun dáta ag go leor daoine óga. An mbeadh orthu a bpas a iompar gach lá?

Bhraith iad siúd a bhfuil teaghlach agus cairde acu ar an taobh eile den teorainn, go mbeadh tionchar ag teorainn chrua ar a saol teaghlaigh nó go mbeidís aonraithe óna gcairde agus óna ngníomhaíochtaí sóisialta.

'Maidir le spóirt, bheadh sé níos deacra taisteal chuig cluichí agus

seachnófaí cluichí dá mbeadh teorainn chrua ann.'

'Má bhíonn clann / gaolta agat ar an taobh eile den teorainn, bheadh sé an-deacair dul go minic dá mbeadh ort stopadh agus dá ndéanfaí seiceáil ort ag gach teorainn.'

Cheap go leor gur féidir le teorainn chrua sriain a chur ar a ndeiseanna sa todhchaí, toisc go bhféadfaidís a bheith teoranta maidir le hobair nó staidéar a dhéanamh ar thaobh amháin den teorainn amháin. Go deimhin, bhraith cuid acu go mbeadh a gcuid deiseanna níos teoranta ós rud é go mbeadh sé níos deacra bogadh thar lear chuig tíortha Eorpacha eile tar éis don Ríocht Aontaithe an AE a fhágáil.

Chuir roinnt daoine óga ceist faoin bhfeidhm a bheadh ag an mBreatimeacht ar Chomhaontú Aoine an Chéasta agus an mbeadh nó nach mbeadh níos mó coimhlinte agus foréigin i dTuaisceart Éireann mar gheall ar theorainn chrua.

Léiríodh imní freisin maidir leis an bhféidearthacht de tháillí fánaíochta sonraí a thabhairt isteach arís, agus cuireadh in iúl imní freisin faoin tionchar ar thrádáil trasteorann.

Mar fhocal scoir, d'aithin roinnt daoine óga go bhfuil pobail ón Lucht Siúil, ina n-imirceach go nádúrtha, agus go mbeadh tionchar diúltach ag teorainn chrua orthu go díréireach.

Moltaí

- **Ní mór teorainn chrua a sheachaint agus ní mór saorghluaiseacht a chothabháil thar an teorainn. Tá sé ríthábhachtach go ndéanfar an cur isteach a íoslaghdú ós rud é nach bhfuil daoine óga ag iarraidh dul ar ais go dtí an teorainn a bhí ann roimhe seo. Ba cheart don Rialtas breathnú ar shamplaí eile de theorainneacha boga agus d'fhéadfaí réitigh theicneolaíoch a bheith ann chun ligean do thaisteal éasca, mar shampla cineálacha speisialta de chártaí / pasanna aitheantais nó seiceálacha uimhirphlátaí ar an teorainn.**
- **Ní mór taisteal éasca ar iompar poiblí thar an teorainn a chothabháil agus níor chóir táillí fánaíochta sonraí a thabhairt isteach arís idir an dá chuid den oileán.**



Sláinte agus Míchumas



Rochtain ar sheirbhísí sláinte thar an teorainn

D'ardaigh rannpháirtithe roinnt ceisteanna maidir leis an gcaoi a bhféadfadh an Breatimeacht dul i bhfeidhm ar rochtain na leanaí agus na ndaoine óga ar sheirbhísí sláinte, agus bhí formhór an phlé dírithe ar an tábhacht a bhaineann le comhoibriú leanúnach ar fud an oileáin ó thaobh pleanála agus seachadta na seirbhísí seo.

Faoi láthair tá leanaí agus daoine óga ábalta teacht ar chóireáil sláinte, mar shampla san ospidéal is gaire dóibh, is cuma an bhfuil sé seo suite thar an teorainn. Thug daoine óga an sampla de leanaí i nDún na nGall ar féidir leo dul chuig an ospidéal i nDoire le haghaidh cóireála.

Bhí go leor imní ann nach bhféadfadh an comhoibriú seo leanúint ar aghaidh i ndiaidh an Bhreatimeachta agus go

mbeadh sé deacair ar na seirbhísí laistigh de gach dlínse freastal ar na riachtanais chúram sláinte.

Beidh gá le níos mó acmhainní chun na seirbhísí a dhúbailt ar gach taobh den teorainn, ós rud é go mbeadh ar dhaoine i roinnt pobail turais an-fhada a thógáil chun rochtain a fháil ar na seirbhísí seo ina ndlínse féin.

Pleanáil agus seachadadh de shainsheirbhísí sláinte ar bhonn uile-oileáin

Pléadh gné eile den chomhoibriú a bhaineann le sláinte, ba é sin pleanáil agus soláthar de shainsheirbhísí sláinte do leanaí agus do dhaoine óga ar fud an oileáin. Nuair a bhíonn líon íseal de leanaí a bhfuil cóireáil ag teastáil uathu i gcomhar reachta áirithe, seachadtar roinnt seirbhísí i suíomh amháin de bharr go bhfuil gá le 'líon criticiúil' chun saineolas a áirithiú. Is sampla de seo iad na hoibríochtaí

agus cóireáil do leanaí a bhfuil riochtaí croí ón mboinn orthu.

Má fhaigheann leanbh sainchóireáil lasmuigh dá ndlínse féin, mar shampla duine óg ó Thuaisceart Éireann a fhaigheann rochtain ar sheirbhísí i bPoblacht na hÉireann, níl sé soiléir conas a rachfaí i bhfeidhm air sin agus conas a maoineofaí a leithéid i ndiaidh an Bhreathimeachta. Chuir roinnt daoine óga in iúl go bhféadfadh tionchar a bheith ag teorainn chrua ar an éascaíocht a d'fhéadfaidís teacht ar chóireáil thar an teorainn, mar shampla, daoine ó Dhún na nGall ag taisteal go Doire go rialta chun dul chuig cúrsa cóireála ailse.

Leanaí ag scoileanna speisialta thar an teorainn

Ardaíodh an tsaincheist freisin faoi leanbh a fhreastalaíonn ar an scoil speisialta is gaire, thar an teorainn, agus a mbeidh air rochtain a fháil ar sheirbhísí cúram sláinte ag an scoil. An mbeifear ábalta leanúint ar aghaidh leis seo i ndiaidh an Bhreathimeachta? An mbeidh gairmithe cúram sláinte agus oideachais fós ábalta teagmháil a dhéanamh lena gcéile chun a chinntiú go bhfaighidh an leanbh na seirbhísí a theastaíonn uathu, nó an mbeidh ar an leanbh bogadh go scoil speisialta eile ar an taobh céanna den teorainn, rud a d'fhéadfadh a bheith mar chúis le turas i bhfad níos faide chuig an scoil?

Cárta Eorpach um Árachas Sláinte agus rochtain a fháil ar sheirbhísí sláinte i dtíortha eile

Chuir na daoine óga a n-imní in iúl faoi náisiúnaithe Briotanacha atá ina gcónaí i bPoblacht na hÉireann agus rochtain acu ar chóireáil sláinte ansin, agus faoi náisiúnaithe Éireannacha ó Phoblacht na hÉireann atá ina gcónaí i

dTuaisceart Éireann rochtain acu ar chóireáil sláinte ansin. An mbeidh siad i dteideal na cóireála sláinte céanna agus an costais chéanna sa dhá chás? Bíonn sé seo níos casta ós rud é go bhféadfadh beirt duine a bhfuil náisiúntacht Éireannach acu ina gcónaí sa cheantar céanna ach rugadh ar an dá thaobh den teorainn - an mbeidh na cearta céanna acu?

Phléigh siad Cárta Eorpach um Árachas Sláinte agus an chaoi a bhféadfar é seo a úsáid chun cóireáil leighis saor in aisce nó saor a fháil nuair atáthar i dtír eile den LEE agus san Eilvéis ar an mbunús céanna le cónaitheoir den tír sin, agus a mhalairt. Bhí an-imní ar go leor rannpháirtithe go bhféadfadh saoránaigh na Ríochta Aontaithe an socrú seo a chailleadh agus an tionchar a d'fhéadfadh a bheith aige seo ar dhaoine ar thaobh amháin de theorainn na hÉireann agus ag freastail ar chúram sláinte ar an taobh eile. Bhí na daoine óga buartha freisin faoi shaoránaigh an AE i dTuaisceart Éireann agus go dtabharfaidh billí 'an-arda' dóibh i ndiaidh cóireála sláinte éigeandála. Bhraith siad go dtiocfadh ardú mór ar chostas árachais taistil.

Seirbhísí éigeandála i gceantair theorann

Chuir go leor rannpháirtithe ceist faoi seirbhísí éigeandála ag trasnú na teorann chun othair a shroicheadh nó chun iad a thabhairt chuig an ospidéal is gaire: cén chaoi a gcuirfí isteach ar a rochtain tar éis an Bhreathimeachta? An gcuirfí moill orthu agus iad ag trasnú na teorann? An gceadófaí dóibh daoine a bhfuil i mbaol a mbáis a phiocadh suas ar an taobh eile den teorainn? Tugadh sampla den bhealach is sciobtha a thógfadh otharcharr chun taisteal idir an Chabhán agus Muineachán, agus i

gceist anseo, bheadh ar an otharcharr an teorainn a thrasnú i dTuaisceart Éireann agus ar ais.

'Glaó a chur ar sheirbhís éigeandála (timpeall) an teorainn - soiléireacht maidir le cén taobh den teorainn a gcuirfeá glao air.'

Stádas inimirce d'oibrithe cúram sláinte

Agus aitheantas á thabhairt ar conas a bhíonn an tseirbhís shláinte ag brath ar oibrithe ó thíortha eile, d'ardaigh rannpháirtithe an tsaincheist faoin gcaillteanas féideartha d'fhoireann leighis sa Ríocht Aontaithe de bharr athruithe inimirce tar éis an Bhreiteamachta. Thairis sin, an mbeadh cáilíochtaí míochaine a bhronntar i dtíortha eile fós aitheanta sa Ríocht Aontaithe? D'fhéadfadh drochthionchar a bheith ag cailteanas na n-oibrithe cúraim sláinte seo, lena n-áirítear iad siúd as Poblacht na hÉireann, ar sholáthar seirbhísí cúram sláinte i dTuaisceart Éireann.

Comhionannas de chaighdeán chúram sláinte

Cé gur tuigeadh go n-ionchorpróidh an Ríocht Aontaithe rialacháin an AE isteach ina reachtaíocht intíre maidir leis an AE a fhágáil, bhí imní ar dhaoine óga faoi na himpleachtaí a bheadh ag éagsúlacht ó na caighdeáin seo le himeacht ama, de réir mar a dhéanann an Ríocht Aontaithe nó an AE athruithe. Chreid roinnt acu gur rud dearfach a bheadh ann nuair a thiofadh deireadh le maorlathas an AE agus go ligfeadh sé don Ríocht Aontaithe a rialacha féin a dhéanamh. Mar sin féin i gcomhthéacs cúram sláinte ar oileán na hÉireann, d'fhéadfadh sé seo a bheith an-chasta.

Ag aithint go rud dearfach a bheadh ann dá mbeadh na daoine fós ábalta rochtain a fháil ar chúram sláinte de réir mar is gá, agus ag trasnú na teorann chun é sin a dhéanamh, más gá, chuir roinnt acu ceisteanna faoi cad a tharlódh má thosaíonn an dá chóras sláinte ag dul i dtreo difriúla maidir le drugaí agus cóireálacha leighis ceadaithe. An bhféadfaí oideas a dhéanamh do dhuine aonair le haghaidh drugaí ar thaobh amháin den teorainn nach gceadaítear ar an taobh eile?

Léiríodh imní freisin faoi thaighdeoirí leighis i dTuaisceart Éireann nach mbeadh ábalta páirt a ghlacadh i dtaighde arna maoiniú ag an AE, agus an mbeadh cúram sláinte níos costasaí mar gheall ar thabhairt isteach de chánacha iompórtála ar dhruaí nó ar threalamh leighis.

Leordhóthanacht d'acmhainní don tSeirbhís Náisiúnta Sláinte

B'ábhar a tháinig suas go minic sa phlé ná an £350 milliún, a mhaígh lucht feachtais ar son an Bhreiteamachta, atá á íoc ag an Ríocht Aontaithe leis an AE gach seachtain, agus an t-éileamh go bhféadfaí é seo a chaitheamh ina ionad sin ar an tSeirbhís Náisiúnta Sláinte. Cé gur mhothaigh go leor daoine amhras faoin fhírinne taobh thiar den éileamh seo, bhí comhaontú ann gur cheart go leithdháilfeadh rialtas na Ríochta Aontaithe an t-airgead a íocadh roimhe sin leis an AE ar an tSeirbhís Náisiúnta Sláinte tar éis an Bhreiteamachta. Bhraith siad go raibh gá le níos mó infheistíochta chun feabhas a chur ar sheirbhísí cúram sláinte.

'Táimid ag iarraidh an £350m a bhí geallta don tSeirbhís Náisiúnta Sláinte'

Bhí imní ar leith ann maidir le leordhóthanacht na seirbhísí meabhairshláinte i dTuaisceart Éireann tar éis an Bhreathimeachta. Bhraith go leor daoine nach raibh maoiniú ceart á thabhairt do na seirbhísí meabhairshláinte, agus go háirithe maidir le seirbhísí meabhairshláinte do leanaí agus d'ógánaigh. Bhí imní ar roinnt acu go bhféadfadh an Breatimeacht, agus an fhéidearthacht den choimhlint 'teacht ar ais' méadú a chur ar strus agus drochshláinte mheabhrach, agus mar sin de, bheadh gá le tuilleadh maoinithe do na seirbhísí.

Mar thoradh ar na hábhair imní seo faoi leordhóthanacht an cúram sláinte i dTuaisceart Éireann sa todhchaí, dúradh go mbeadh ar dhaoine brath níos mó ar chúram sláinte príobháideach, rud a leathnódh an bearna idir an saibhir agus an daibhir. Léirigh roinnt daoine óga nár chuala siad, go dtí an pointe seo, aon iarmhairtí den Bhreathimeacht ar sheirbhísí sláinte agus smaoinigh siad dá mba rud é go raibh a fhios ag an bpobal faoi seo, an gcaithfeadh siad vóta ar an mbealach céanna?

Tionchar an Bhreathimeachta ar sholáthar do dhaoine óga faoi mhíchumas

Tugadh aghaidh ar na saincheisteanna maidir le leanaí agus daoine óga faoi mhíchumas sna cainteanna maidir le sláinte. Smaoinigh rannpháirtithe faoin gcaoi a bhféadfadh tionchar a bheith ag an mBreatimeacht ar dhaoine óga faoi mhíchumas, chuir roinnt acu go leor imní in iúl mar gheall ar an gcaillteanas dóchúil de mhaoiniú an AE do chathaoirreacha rothaí speisialaithe do dhaoine óga.

Léirigh na daoine óga imní faoin gcomhlíonadh reatha maidir le rochtain do dhaoine faoi mhíchumas, go háirithe nuair a mbítear ag taisteal. Dúradh go raibh an Bhreatain ag déanamh neamhairde ar na spriocanna atá leagtha amach maidir le rochtain do dhaoine faoi mhíchumais san iompar poiblí.

Moltaí

- Ní mór do na Rialtais a chinntiú go gcoimeádtar comhoibriú maidir le soláthar seirbhísí cúraim sláinte ar fud na hÉireann i ndiaidh an Bhreathimeachta. Ba chóir go mbeadh daoine fós ábalta rochtain a bheith acu ar sheirbhísí sláinte is gaire dóibh, is cuma an bhfuil sé seo suite ar an taobh eile den teorainn. Ba chóir go leanfaí ar aghaidh le sainsheirbhísí a phleanáil agus a sheachadadh ar bhonn uile-oileáin, d'fhonn na torthaí is fearr a chur ar fáil d'othair.
- Níor chóir glacadh leis go gcuirfeadh an Breatimeacht srian ar chomhar agus rochtain ar sheirbhísí cúram sláinte, ach ba chóir do rialtais socruithe comhoibrithe a lorg le tíortha eile.
- Ba chóir don Ríocht Aontaithe fanacht sa LEE chun ligean do na socruithe maidir leis an gCárta Eorpach um Árachas Sláinte leanúint ar aghaidh. Más rud é nach leanfar ar aghaidh leis na socruithe maidir leis an gCárta Eorpach um Árachas Sláinte, ba chóir socrú den chineál céanna a chur i bhfeidhm d'oileán na hÉireann.
- Níor cheart go gcuirfí moill ar na hotharcharranna nuair a bhíonn orthu dul thar an teorainn agus ba cheart go mbeidís ábalta othair a thabhairt chuig an ospidéal is gaire, beag beann ar an taobh den teorainn ina bhfuil sé suite.
- Ní mór d'aon athruithe ar inimirce a chinntiú go bhféadfaidh oibrithe cúraim sláinte ó thíortha eile leanúint orthu ag obair sa Ríocht Aontaithe agus go mbíonn aitheantas leanúnach ann dár gcáilíochtaí gairmiúla.
- Ba chóir go bhfaigheadh an NHS (an tSeirbhís Náisiúnta Sláinte) níos mó acmhainní mar a bhí geallta i rith fheachtais reifreann an Bhreathimeachta.
- Ní mór do na Rialtais an tionchar a d'fhéadfadh a bheith ag an mBreatimeacht ar dhaoine óga faoi mhíchumas a mheas agus a mhaolú.

Oideachas

Rochtain ar scoileanna thar an Teorainn

Chuir go leor rannpháirtithe a n-ímní in iúl maidir le leanaí a bhíonn ag taisteal thar an teorainn go dtí an scoil. Taistealaíonn go leor leanaí agus daoine óga a bhfuil cónaí orthu i dTuaisceart Éireann chuig an scoil i bPoblacht na hÉireann agus a mhalairt. Bhraith siad nach raibh sé soiléir an mbeadh an socrú seo ábalta leanúint ar aghaidh agus an dtabharfaí isteach táillí oideachais trasteorann.

'Má bhí cónaí ar dhuine éigin sa Tuaisceart ach ba mhian leis dul ar scoil sa Deisceart, an mbeadh tionchar aige orthu?'

Mura leantar leis na socruithe reatha, b'fhéidir go mbeadh ar leanaí scoileanna a athrú. Bheadh sé seo casta dá mba rud é go mbeadh an dá chóras oideachais neamh-chomhoiriúnach.

Cuirfeadh sé seo teorainn freisin ar an rogha scoileanna do leanaí agus do dhaoine óga a chónaíonn timpeall na teorann, mar shampla, más mian leo freastal ar scoil atá ailínithe lena gcreideamh Caitliceach nó Protastúnach.

Bhraith siad freisin go gcuirfeadh sé srian ar chomhoibriú idir scoileanna sa Tuaisceart agus sa Deisceart agus go mbeadh sé deacair dul ar thurais scoile thar an teorainn.

Is é ceann de na saincheisteanna is mó a d'aithin go leor daoine, ná go bhféadfadh tionchar suntasach a

bheith ag srianta teorann ar thaisteal laethúil do leanaí agus do dhaoine óga ar scoil, go háirithe má bhíonn teorainn chrua ann. D'fhéadfadh sé seo tionchar a imirt ar am taistil agus freastal na ndaltaí i scoileanna. An rachadh busanna scoile fós thar an teorainn?

Rochtain ar choláistí Bhreisoideachais agus ollscoileanna thar an teorainn

Chuir rannpháirtithe a n-ímní in iúl maidir leis an dtionchar a bheadh ar rochtain na ndaoine óga ar choláistí agus ar ollscoileanna thar an teorainn. Cé go mbeadh tionchar aige seo ar daoine óga ar gach taobh den teorainn, bhí ímní ar leith ann faoi mhic léinn ó Phoblacht na hÉireann ós rud é go bhfuil 11,000 mac léinn ag staidéar in ollscoileanna sa Ríocht Aontaithe faoi láthair. Bhraith na daoine óga nach raibh i ndóthain áiteanna coláiste nó ollscoile i bPoblacht na hÉireann chun freastal ar an éileamh agus bhraith siad chomh maith go bhfuil raon na gcúrsaí teoranta. Má chuirfeadh an Breatimeacht isteach ar na deiseanna do dhaoine óga ó Phoblacht na hÉireann chun staidéar a dhéanamh sa Ríocht Aontaithe, cuirfeadh sé seo brú mór ar chórais Bhreisoideachais agus Ardoideachais in Éirinn agus cuirfeadh sé seo srian mór ar roghanna na ndaoine óga. Bhí ímní orthu go mbeadh sé seo níos deacra dul i mbun cúrsaí coláiste agus ollscoile i bPoblacht na hÉireann mar gheall ar éileamh méadaithe. An mbeadh ar mhic léinn reatha iarracht a dhéanamh shaoránacht na Ríochta Aontaithe a éileamh (má tá siad ina theideal) chun a gcúrsa a chur i gcrích? An mbeadh aon deacracht ann do mhic léinn céim a bhaint amach?

Bhraith go leor daoine óga go raibh rioscaí ann go dtiocfadh méadú ar chostas d'fhreastal ar Bhreisoideachas nó ar Ardoideachas thar an teorainn tar éis an Bhreathimeachta, go háirithe maidir le táillí teagaisc. Smaoinigh siad an ndéanfadh iad a mheas mar mhic léinn idirnáisiúnta agus dá bhrí sin gearrfar táillí orthu dá réir sin. An gcaithfí le daoine óga a bhfuil cónaí orthu i dTuaisceart Éireann a bhfuil pas Éireannach acu, ar bhealach difriúil ná mar a chaithfí leo siúd a bhfuil pas na Ríochta Aontaithe acu, nó leis na mic léinn ó Phoblacht na hÉireann a bhfuil pasanna Éireannacha acu?

Erasmus agus deiseanna sa todhchaí

Bhí imní ar rannpháirtithe faoin bhféidearthacht de mhic léinn ó Thuaisceart Éireann leanúint ar aghaidh le leas a bhaint as na deiseanna arna gcur ar fáil ag an gclár Erasmus + i ndiaidh an AE a fhágáil. Measadh gur chlár an-luachmhar é an clár seo agus chuir na rannpháirtithe béim ar cé chomh tábhachtach agus a bhí sé fanacht ann.

Go deimhin, labhair go leor daoine óga ón dá thaobh den teorainn go raibh imní orthu go bhféadfadh tionchar diúltach a bheith ag an mBreathimeacht ar a gcuid deiseanna sa todhchaí. Cuirfí isteach ar a ndeiseanna má chuirfí srian ar a saoirse gluaiseachta agus ar a saoirse maireachtála, agus a saoirse chun staidéar agus obair a dhéanamh ar gach taobh den teorainn. Dóibh siúd atá ina gcónaí i dTuaisceart Éireann is dócha go mbeidh na srianta seo níos fairsinge, ag cur teorainn ar a gcumas staidéar, maireachtáil, taisteal nó obair i dtíortha eile an AE. Bhraith daoine óga go mbeadh sé deacair turais scoile a eagrú chuig tíortha an AE agus bheadh sé níos deacra agus níos daoire

malairtí eachtracha do mhic léinn teanga a eagrú.

Má táthar i mbun teanga Eorpach a fhoghlaim an mbeidh malairtí eachtracha níos deacra agus níos daoire?

Ardaíodh ceisteanna freisin maidir le comhionannas na gcáilíochtaí. Mar shampla, an mbeidh an Ardteistiméireacht ó Phoblacht na hÉireann fós aitheanta i dTuaisceart Éireann agus an n-aithneofar céimeanna ar gach taobh den teorainn?

Dúirt roinnt rannpháirtithe go raibh múinteoirí ag moladh cheana féin nár chóir dóibh socrúcháin, printíseachtaí ná staidéar a lorg ar an taobh eile den teorainn. Labhair daoine eile faoin gcaoi a mbeadh tionchar ag easpa deiseanna ar dhaoine óga, ar a gcuid deiseanna saoil agus ar a meabhairshláinte.

Cailteanas de mhaoiniú ón AE d'oideachas i dTuaisceart Éireann

Pléadh saincheist eile maidir leis an bhféidearthacht den tionchar diúltach a bheadh ag cailteanas de mhaoiniú ón AE ar oideachas i dTuaisceart Éireann. Labhair daoine óga faoina dtuiscint gur baineadh úsáid as cistí an AE i roinnt suíomhanna oideachais agus i gclubanna óige chun oideachas neamhfhoirmiúil a sholáthar. Tá roinnt clár i bhfeidhm chun tacú le hoideachas a thabhairt do ghrúpaí áirithe de leanaí agus daoine óga ar nós dídeanaithe agus máithreacha óga.

Cuirtear cistí an AE ar fáil freisin d'ollscoileanna Thuaisceart Éireann, go háirithe chun cláir taighde a mhaoiniú.

Mura bhfuil ollscoileanna ábalta leas a bhaint as an maoiniú seo, d'fhéadfadh tionchar a bheith aige seo ar raon na gcúrsaí atá ar fáil agus sriain a chur ar na deiseanna atá ann do mhic léinn taighde. B'fhéidir go mbeadh líon níos lú de mhic léinn idirnáisiúnta ag cur isteach ar ollscoileanna sa Ríocht Aontaithe freisin.

Saincheisteanna oideachais eile

Rinneadh tagairt freisin do réimse saincheisteanna eile sa phlé, lena n-áirítear:

- Cibé an mbeadh sé níos deacra do shaoránaigh an AE staidéar a dhéanamh in ollscoileanna sa Ríocht Aontaithe;
- Cibé an ndéanfaí difear do chearta leanaí dídeanaí chun oideachas;
- Conas a rachfaí i bhfeidhm ar an Lárionad Middletown um Uathachas, a sholáthraíonn seirbhísí do dhaoine óga a bhfuil uathachas orthu ar fud oileán na hÉireann;
- Cibé an mbeadh caighdeáin tógála níos ísle ann do scoileanna nua i dTuaisceart Éireann má chlaonann an Ríocht Aontaithe ó na Rialacháin Eorpacha reatha;
- Cibé an mbeadh srian ar rochtain ar an nGaeltacht do leanaí agus do dhaoine óga i dTuaisceart Éireann, mar shampla, trí phraghsanna a mhéadú.

Nuair a cuireadh ceist faoi rudaí dearfacha a d'fhéadfadh teacht chun cinn mar gheall ar an mBreatimeacht, dúirt roinnt rannpháirtithe go raibh sé tábhachtach cuimhneamh go bhféadfadh an todhchaí a bheith geal fós. Dúirt siad go bhféadfadh feabhas teacht ar oideachas tar éis an Bhreatimeachta agus go bhféadfadh deiseanna le tíortha eile teacht chun cinn. Go ginearálta, áfach, mhothaigh na rannpháirtithe nach raibh sé soiléir

an tionchar a bheadh ag an mBreatimeacht ar oideachas leanaí agus daoine óga ar fud oileán na hÉireann agus nach raibh i ndóthain plé déanta maidir leis seo i scoileanna agus sna meáin chumarsáide go dtí seo. D'aithin siad roinnt bealaí ina bhféadfaidh drochthionchar suntasach a bheith ar a gcuid oideachais agus d'iarr siad ar an rialtas aghaidh a thabhairt ar na saincheisteanna seo gan mhoill.

Moltaí

- **Socrúithe comhoibritheacha a chomineáid chun rochtain leanúnach a chinntiú do leanaí agus do dhaoine óga do scoileanna ar bhonn trasteorann. Níor chóir go gcaithfeadh aon leanbh scoil a athrú mar gheall ar an mBreatimeacht.**
- **Saoirse gluaiseachta na leanaí agus na ndaoine óga thar an teorainn a chosaint ionas go mbeidís ag freastal ar scoil gan aon bhac orthu, lena n-áirítear busanna scoile a chur ar fáil thar an teorainn. Nuair atá cinntí eile á ndéanamh i ndáil leis an mBreatimeacht, go háirithe maidir leis an teorainn, ní mór d'idirbheartaithe féachaint ar an tionchar a bheidh aige ar rochtain na leanaí agus na ndaoine óga ar oideachas ionas go ndéantar droch-iarmhairtí diúltacha neamhbheartaithe a chosc.**
- **Leanúint le tacaíocht a thabhairt do chomhoibriú idir scoileanna i dTuaisceart Éireann agus i bPoblacht na hÉireann.**
- **Níor chóir srian a chur ar rochtain ar choláistí Breisoideachais ná ar Ollscoileanna ar bhonn trasteorann agus socrú a chur i bhfeidhm chun cosc a chur ar mhéadú de tháillí teagaisc do mhic léinn trasteorann.**
- **Ba chóir go mbeadh daoine óga i dTuaisceart Éireann fós ábalta leas a bhaint as na deiseanna arna soláthar ag an gclár Erasmus + i ndiaidh an Bhreatimeachta.**
- **Ní mór aitheantas a thabhairt do chúinsí áirithe de dhaoine ar oileán na hÉireann maidir le leas a bhaint as deiseanna le haghaidh socrúcháin agus oibre ar gach taobh den teorainn.**
- **Níor chóir go dtiocfadh aon athrú ar aitheantas trasteorann de cháilíochtaí acadúla agus gairmoideachais.**
- **Ba chóir do rialtas na Ríochta Aontaithe comhaontú a lorg leis an AE d'fhonn a chinntiú go bhféadfaidh daoine óga ó Thuaisceart Éireann, i ndiaidh an Bhreatimeachta, leanúint ar aghaidh ag taisteal chuig tíortha an AE le haghaidh**

cuairteanna staidéir agus go mbeidh an saoirse acu cónaí, staidéar agus / nó obair i dtíortha eile an AE.

- **Ba chóir athbhreithniú a dhéanamh ar leibhéal cistí an AE a soláthraíodh d'oideachas i dTuaisceart Éireann agus ba chóir do rialtas na Ríochta Aontaithe an maoiniú seo a athsholáthar le linn an aistrithe seo ón AE.**
- **Ba chóir do rialtas na Ríochta Aontaithe iarracht a dhéanamh teacht ar chomhaontú ionas go bhféadfaidh ollscoileanna na Ríochta Aontaithe iarratas a dhéanamh ar mhaoiniú taighde AE nó ba chóir di na foinsí maoinithe seo a athsholáthar.**

Cosaint leanaí

Léirigh go leor daoine óga imní faoi dheacrachtaí a bheadh ag na póilíní, seirbhísí sóisialta agus daoine eile a chinntiú go bhfaigheann leanaí agus teaghligh i mbaol cabhair agus go dtugtar cosaint dóibh ar bhonn thrasteorann i ndiaidh an Bhreathimeachta.

Bhí imní ar leith orthu maidir leis an tionchar a bheadh ar chomhroinnt faisnéise idir Seirbhís Póilíneachta Thuaisceart Éireann (PSNI) agus An Garda Síochána, agus an comhoibriú níos leithne idir póilíní i bPoblacht na hÉireann, Tuaisceart Éireann agus an Bhreatain Mhór, chomh maith le comhoibriú ar fud Europol agus Eurojust. Má bheadh tionchar diúltach air, d'fhéadfadh leanaí leochaileacha a bheith i mbaol mí-úsáide agus dúshaothraithe agus chuirfí moill ar imscrúduithe agus ionchúisimh ar fud tíortha éagsúla.

Chuir roinnt acu ceisteanna maidir le leanbh ó thaobh amháin den teorainn, a dhéantar mí-úsáid air, a fhuadaítear é nó a mharaítear é ar an taobh eile. Conas a dhéanfaí imscrúdú air seo?

Cén chaoi a ndéanfaí eiseachadadh a bhainistiú? An mbeadh feidhm fós ag an mBarántas Gabhála Eorpach? D'fhéadfadh comhoibriú a bheith níos deacra má bheadh teorainn chrua ann mar gheall ar an mBreathimeacht.

'An mbeidh gá le reachtaíocht a athrú maidir le cosaint leanaí mar gheall ar an mBreathimeacht? Agus cad faoi chomhroinnt sonraí?'

D'fhéadfadh éagsúlacht mhór teacht ar rialachán a bhaineann le cosaint leanaí sa Ríocht Aontaithe agus san AE le himeacht ama. Fiú má dhéanann an Ríocht Aontaithe iarracht a bheith ar aon dul le reachtaíocht an AE, d'fhéadfadh deacrachtaí a bheith ann mar gheall ar aon moilleanna. Léiríodh imní maidir le comhionannas rialála iar-Bhreathimeachta le haghaidh seiceálacha réamhfhostaíochta do chúram leanaí, oibríthe óige nó ról oideachais. D'fhéadfadh go mbeadh moilleanna ann maidir le ghrinnfhiosrúchán i gcás nach mbíonn

aon chomhaontú ann maidir le comhroinnt sonraí.

D'aithin na rannpháirtithe rioscaí áirithe do leanaí, lena n-áirítear leanaí ó thar lear, atá á ngáinneáil thar an teorainn agus bhí imní orthu maidir lena sábháilteacht. An mbeadh feidhm fós ag oibríochtaí frithgháinneála ar fud an AE?

Phléigh daoine óga bealaí éagsúla inar féidir leanaí a dúshaothrú, lena n-áirítear dúshaothrú oibre, agus chuir siad in iúl imní go gcuirfidh isteach ar na cosaintí i gcoinne iad seo tar éis an Bhreathimeachta mura raibh an dlí céanna sa Ríocht Aontaithe agus san AE.

Mar sin féin, léirigh cuid acu nach raibh sé dosheachanta go n-éireodh rudaí

níos measa. B'fhéidir go gcoimeádfaidh an Ríocht Aontaithe idirchaidreamh le córais an AE. De rogha air sin, d'fhéadfadh an Ríocht Aontaithe próisis níos fearr a fhorbairt le haghaidh idirchaidrimh idirnáisiúnta maidir le cosaint leanaí agus dul i ngleic le gáinneáil ar dhaoine.

Rinne a lán daoine óga ráiteas faoin easpa díospóireachta poiblí maidir leis an gcaoi a bhféadfadh tionchar a bheith ag an mBreathimeacht ar chosaint leanaí nó cad a chaithfear a chur i bhfeidhm d'fhonn a chinntiú go mbíonn na cosaintí fós láidir. Bhraith siad nach raibh i ndóthain díospóireachta air seo, go háirithe maidir le leanaí agus le daoine óga.

Moltaí

- Tá sé ríthábhachtach nach ndéantar neamhaird ar an tsaincheist i leith comhar trasteorann agus comhar AE a chothabháil maidir le cosaint leanaí i bhfabhar saincheisteanna níos suntasaí amhail trádáil, talmhaíocht nó an geilleagar.
- Mar gheall ar ról an AE maidir le cosaint leanaí agus frithgháinneáil, ní mór d'idirbheartaithe an Bhreathimeachta féachaint ar an gcaoi a bhféadfadh siad mór-athruithe ar chosaint leanaí a íoslaghdú. Ní mór struchtúir ábhartha a bheith i bhfeidhm d'fhonn a chinntiú go mbeidh na seirbhísí cosanta leanaí oiriúnach fheidhm sula bhfágtar an AE agus go mbeidh comhionannas rialála ann ansin chun na socruithe seo a choimeád.
- Beidh sé tábhachtach comhaontuithe ábhartha a choinneáil i ndáil le hábhair ar nós comhroinnt sonraí agus an Barántas Gabhála Eorpach Ní mór do Rialtais na Ríochta Aontaithe agus na hÉireann leanúint ar aghaidh leis na struchtúir reatha chomhordaithe phóilíneachta (ar nós Europol agus Eurojust).

- **Agus cinneadh á dhéanamh ar an gcaoi a ndírítear ar rialáil ghluaiseachta thar an teorainn, ní mór do rialtais na Ríochta Aontaithe agus na hÉireann a chinntiú go bhfuil córais láidre i bhfeidhm chun cos a chur ar gháinneáil leanaí agus a chinntiú go bhféadfadh gníomhaireachtaí forfheidhmithe dlí gáinneálaithe a ghabháil ar bhealach níos éasca.**
- **Ba chóir an idirthréimhse a úsáid chun athbhreithniú a dhéanamh ar chórais reatha um chosaint leanaí trasteorann agus AE ionas go bhféadfaidh an méid a bhfuil ag feidhmiú go maith a choinneáil agus feabhas a chur air seo nuair is féidir.**

Caighdeán Maireachtála

Cailteanas de mhaoiniú an AE do Thuaisceart Éireann

Is imní ar leith a bhí ar dhaoine óga a bhí rannpháirteach i bplé ar an gcaoi a bhféadfadh tionchar a bheith ag an mBreatimeacht ar chaighdeán maireachtála ná cailteanas de mhaoiniú an AE do Thuaisceart Éireann. Áiríodh leis seo, Cistí Struchtúracha a tugadh do thionscadail chun bonneagar pobail a fheabhsú, mar shampla bóithre, droichid agus bearta chun tuilte a chosc. Phléigh siad an tábhacht a bhaineann le Ciste Sóisialta na hEorpa agus leis an airgead PEACE chun obair óige a mhaoiniú i gceantair faoi mhíbhuntáiste, obair tras-phobail, spóirt agus tionscadail ealaíona agus áiseanna agus tionscadail a chabhraíonn le daoine scileanna fostaíochta a fháil. D'fhéadfadh roinnt maoinithe i bPoblacht na hÉireann a bheith faoi bhagairt freisin. Mar shampla, d'fhéadfaí deireadh teacht leis an maoiniú do thionscadail trasteorann ar nós The Peace Link i gCluain Eois, Co. Mhuineacháin. Léirigh na rannpháirtithe a n-imní arís faoin bhféidearthacht de dhaoine óga i dTuaisceart Éireann rochtain ar an gclár Erasmus + a chailleadh tar éis an Bhreatimeachta.

Bhraith rannpháirtithe go bhféadfadh tionchar mór a bheith ag cailteanas na gcistí seo ar leanaí agus daoine óga, ar a bpobail agus ar a gcuid deiseanna sa todhchaí. Caillfí go leor clár le haghaidh daoine óga, a ndearnadh ciorruithe orthu cheana féin mar thoradh ar an gcúlú, lena n-áirítear gníomhaíochtaí spóirt agus ceoil agus clubanna óige.

Dúradh go rachadh go leor daoine ar ais go gníomhaíochtaí contúirteacha agus neamhfhiúntacha, mura bheadh aon ní eile le déanamh. Mar thoradh air seo, d'fhéadfadh méadú teacht ar ghníomhaíochtaí frithshóisialta i bpobail agus d'fhéadfadh sé a bheith mar chúis le torthaí díobhálacha do na daoine óga iad féin. Dúirt cuid acu go bhféadfadh sé a bheith mar chúis le níos mó fadhbanna meabhairshláinte.

Bheadh tionchar ag cailteanas maoinithe PEACE ar chaidrimh tras-phobail agus d'fhéadfadh scoilteanna a bheith níos measa arís. I gcás go gcailltear maoiniú trasteorann, d'fhéadfadh sé a bheith mar chúis le scaradh níos mó de chairde agus de theaghligh. Nuair a chailtear na clár a thacaíonn le daoine scileanna le haghaidh fostaíochta a fháil, bhraith rannpháirtithe go mbeadh leibhéal níos airde de bhochtaineachta mar thoradh air seo chomh maith le míbhuntáiste a dhaingniú.

Bhí na rannpháirtithe buartha freisin faoin gcaillteanas d'fhóirdheontais Chomhbheartas Talmhaíochta (CBT) d'fheirmeacha i dTuaisceart na hÉireann ós rud é go bhfuil cion suntasach d'ioncaim fheirmeoireachta comhdhéanta de sin. Níl sé soiléir an ndéanfar iad seo a athsholáthar. Is dócha go mbeidh sí casta an ghluaiseacht d'ainmhithe agus barra i ndiaidh an Bhreatimeachta i bhfeirmeacha atá gar don teorainn, agus b'fhéidir go mbeidh srian ghéar curtha ar an gcomhoibriú reatha i ndáil le beostoic a dháileadh thar an teorainn, mar shampla.

'Ardóidh / b'fhéidir go n-ardóidh leibhéal bochtaineachta leanaí má chailltear fóirdheontais CBT an AE!'

Labhair roinnt daoine óga faoin staid reatha i dTuaisceart Éireann inar tháinig laghdú ar ioncaim do theaghlaigh ar ioncam íseal mar thoradh ar athchóirithe leasa. Bhí siad buartha go mbeadh an Breatimeacht mar chúis le deacrachtaí breise agus leibhéal bhochtaineachta leanaí níos airde, go háirithe do theaghlaigh tuaithe agus dóibh siúd atá ina gcónaí timpeall na teorann.

Ag obair agus ag trádáil thar an teorainn

Is dócha go mbeidh tionchar diúltach aige ar obair trasteorann dóibh siúd a bhíonn ag taisteal thar an teorainn go dtí a n-ionad oibre agus dóibh siúd a bhíonn taisteal thar an teorainn i gceist ina gcuid oibre. D'fhéadfadh drochthionchar a bheith aige ar oibríthe imirceacha, agus gnólachtaí atá ag brath orthu, agus ar phobail imirceacha an Lucht Siúil. Is dócha go mbeidh sé níos deacra earraí a bhogadh thar an teorainn agus go mbeidh sé níos daoire agus beidh sé ag brath ar shocruithe trádála a bhfuil le haontú idir an Ríocht Aontaithe agus an AE. Is dócha go ndéanfar díobháil d'obair na gcuideachtaí iompair a iompraíonn earraí trasna an dá chuid den oileán le haon athruithe teorann.

'Tionchar ar earraí a iompar - leoraithe srl. thar teorainneacha - tionchar ar phoist - ioncaim –

caighdeán maireachtála.

Níl sé soiléir fós cad iad na deiseanna easpórtála a bheidh ann do ghnólachtaí sa Ríocht Aontaithe amach anseo agus cibé an mbeidís nó nach mbeidís níos fairsinge nó níos teoranta ná an méid atá i bhfeidhm faoi láthair. D'fhéadfadh roinnt cuideachtaí ón Ríocht Aontaithe (lena n-áirítear Tuaisceart Éireann) bogadh ionas go mbeidh siad féin laistigh den AE chun leanúint le leas a bhaint as socruithe trádála an AE. D'fhéadfadh roinnt acu seo athlonnú go Poblacht na hÉireann, lena dtabharfar deiseanna fostaíochta nua do dhaoine óga agus neartófar an geilleagar ann. Ag an am céanna, b'fhéidir go gcaillfear poist, ioncam agus deiseanna i dTuaisceart Éireann.

Cheistigh daoine óga freisin an mbeadh tionchar ag an gcaillteanas fóirdheontais, ag taraifí a bheidh ag dul i méid agus ag diúltú d'ardchaighdeán bhia an AE ar chaighdeán agus/nó costas bia i dTuaisceart Éireann tar éis an Bhreatimeachta. Tháinig saincheisteanna chun cinn freisin maidir le tionchair fhéideartha ar sholáthairtí fuinnimh.

Chuir roinnt daoine óga ceisteanna an ligfeadh don Ríocht Aontaithe béim níos mó a chur ar riachtanais a saoránaigh, mar gheall ar an AE a fhágáil, mar shampla polasaí talmhaíochta níos dírithe ar an Ríocht Aontaithe a dhearadh, in ionad a bheith mar chuid de phlean níos leithne de chuid an AE. 'deis chun tosú arís agus díriú ar cad atá tábhachtach dár sochaí'.

Moltaí

Ba chóir go n-úsáidtear roinnt den £350 milliún, a mhaígh lucht feachtais ar son an Bhreiteimeachta gurb é sin costas an AE ar an Ríocht Aontaithe in aghaidh na seachtaine, chun fóirdheontais feirme agus cláir mhaoinithe éagsúla a sholáthraíonn an AE faoi láthair do Thuaisceart Éireann a athsholáthar.

Féiniúlacht agus neamh-idirdhealú

Sna comhráite ar fhéiniúlacht agus ar neamh-idirdhealú, díriodh ar thrí phríomhthéama: an fhéidearthacht de scoilteanna a neartú mar gheall ar an mBreiteimeacht, idir iad siúd a aithníonn iad féin mar Breiteannach agus iad siúd a aithníonn iad féin mar Éireannach; níos mó idirdhealaithe i gcoinne grúpaí eitneacha mionlaigh nó iad siúd a bhreathnaítear orthu mar inimircigh; agus imní maidir le caillteanas cosanta an AE I leith grúpaí mionlaigh.

An tionchar den Breiteimeacht ar fhéiniúlachtaí náisiúnta agus ar an bpróiseas síochána

Labhair roinnt rannpháirtithe faoin mbealach a bhfuil an Breiteimeacht mar chúis le béim a chur ar dhifríoachtaí agus ar phobail a roinnt. Baineann sé seo go háirithe i ndáil le teannas a thabhairt isteach arís idir aitheantais Bhriotannacha agus Éireannacha, ag dul i gcoinne Chomhaontú Aoine an Chéasta agus an t-aitheantas de cheart daoine aonair i dTuaisceart Éireann chun iad féin a shainathint mar Bhriotannach, Éireannach nó an dá náisiúnacht.

'Ba "scor Briotannach" é an 'feachtas Breiteimeachta' agus níor thug sé aghaidh ar Shaincheisteanna Éireannacha

Tuaisceartacha.'

Labhair cuid acu faoina gcuid imní den choimhlint teacht ar ais má bhíonn teorainn chrua ann de bharr an Breiteimeachta.

'Eagla faoi rud éigin ar nós na Trioblóidí tarlú arís má chuirtear teorainn chrua.'

Chuir go leor daoine óga ceisteanna faoi na himpleachtaí den Breiteimeacht do leanaí agus do dhaoine óga atá ina gcónaí i dTuaisceart Éireann. Leanfaidh sealbhóirí de phas Éireannach i dTuaisceart Éireann ar aghaidh a bheith ina shaoránaigh AE tar éis an Breiteimeachta, ach an mbeidh difríochtaí ann idir Éireannach i dTuaisceart Éireann agus Éireannach i bPoblacht na hÉireann agus idir a gcearta ar gach taobh den teorainn?

Cén chaoi a rachaidh sé seo i bhfeidhm ar dhaoine óga a bhfuil teaghlach acu i dTuaisceart Éireann agus i bPoblacht na hÉireann araon? Beidh impleachtaí suntasacha ag cinntí a bhaineann le teorainn chrua nó bhog ar fhéiniúlachtaí contráilte ar an oileán.

Imní faoi thionchar ar chearta na mionlach

I bpléití le linn an lae, díriodh freisin ar staitisticí a tuairiscíodh agus fianaise starógach go raibh níos mó idirdhealaithe agus naimhdis i leith mionlach eitneach agus imirceach i dTuaisceart Éireann. Cuireadh in iúl imní an dtabharfaí tosaíocht do straitéis um chomhionannais ciníoch i dTuaisceart Éireann tar éis an Bhreathimeachta, agus cuireadh béim ar an tábhacht a bhaineann le dul i ngleic le hidirdhealú i leith grúpaí mionlaigh

'Tá eagla ar dhaoine ar na rudaí nach dtuigeann siad. Inis scéalta - ná labhair go hipitéiseach. Déan normalú ar an difríocht.'

Cheap go leor rannpháirtithe go raibh ról ríthábhachtach ag an AE, trí ráitis agus cláir mhaoinithe, maidir le cearta mionlach nó grúpaí leochaileacha a chosaint, lena n-áirítear daoine nua, daoine lespiacha, aeracha, déghnéasacha,

trasinscneacha agus idirghnéasacha, daoine neamhinscneacha dénártha, mná, leanaí agus daoine óga. Bhí imní ar na rannpháirtithe go gcaillfí na cosaintí seo, cé go mbíonn siad teoranta, agus go gcuirfeadh cearta na mionlach 'ar ais tuilleadh' tar éis an Bhreathimeachta. Tugadh faoi deara nár chruthaigh an Breathimeacht an idirdhealú seo, ach in olcas atá sé anois mar gheall air.

'Is sciath chosanta é an AE do ghrúpaí mionlaigh. I ndiaidh an Bhreathimeachta, d'fhéadfaí aisiompú de chearta a fheiceáil agus idirdhealú a éascú.'

Is sampla de seo é an maoiniú atá á soláthar ag an AE faoi láthair do thionscadail tacaíochta um fhoréigean baile i dTuaisceart Éireann. Mura n-athsholáthraítear é seo tar éis an Bhreathimeachta, beidh tionchar neamhréireach ag cailteanas an mhaoinithe seo ar mhná agus leanaí.

Moltaí

- **Le Comhaontú Aoine an Chéasta ráthaítear comhionannas na gceart ó Thuaidh agus ó Dheas den teorainn. Ní mór do na Rialtais a chinntiú go ndéantar an prionsabal seo a chosaint i rith agus i ndiaidh an Bhreathimeachta.**
- **Ba chóir teorainn chrua a sheachaint chun dea-chaidreamh a choinneáil idir Tuaisceart Éireann agus Poblacht na hÉireann. Ba cheart treoirlínte comhionannais ar fud na Ríochta Aontaithe agus na hÉireann a chaighdeánú.**
- **Chomh maith le breithniú a dhéanamh ar thionchar an Bhreathimeachta ar náisiúntacht, beidh sé tábhachtach machnamh a dhéanamh ar an gcaoi a bhféadfadh tionchar a bheith aige ar dhaoine d'eitneachtaí difriúla.**

- Chomh maith le breithniú a dhéanamh ar thionchar an Bhreitheachta ar náisiúntacht, beidh sé tábhachtach machnamh a dhéanamh ar an gcaoi a bhféadfadh tionchar a bheith aige ar dhaoine d'eitneachtaí difriúla.
- Ba cheart straitéis shonrach a fhorbairt chun déileáil le hidirdhealú i dTuaisceart Éireann agus reachtaíocht a thabhairt ar aghaidh chun cosaint a thabhairt do: mná, mionlaigh eitneacha, daoine leispiacha, aeracha, déghnéasacha, trasinscneacha agus idirghnéasacha agus ligean d'inimircigh coireanna a thuairisciú gan eagla a bheith orthu faoi dhíbirt. Bhí moltaí ann freisin maidir le reachtaíocht níos forásaí maidir le cearta daoine idirghnéasacha a aithint.
- Ba cheart do na Rialtais feachtais a reáchtáil agus cláir feasachta poiblí a mhaoiniú maidir le héagsúlacht agus neamh-idirdhealú. Ba cheart do na meáin éagsúlacht a chur chun cinn agus faisnéis a sholáthar maidir le saincheisteanna a bhaineann le hidirdhealú.
- Ba cheart 'ardán a thabhairt' do mhionlaigh chun aghaidh a thabhairt ar idirdhealú agus na saincheisteanna a phearsanú trí scéalta fíora a insint. Ba chóir go mbeadh páirt ag daoine a ndearnadh idirdhealú orthu, chun oideachas a thabhairt do dhaoine eile maidir le neamhionannas. Ní mór cothromaíocht a bheith ann idir sairse cainte agus an tábhacht a bhaineann le fuathchaint a sheachaint ionas nach gcuirfear chun cinn biogóideacht, ciníochais, homafóibe ná trasfóibe.
- Ba chóir oideachas ar idirdhealú agus éagsúlacht a chur i bhfeidhm ar fud na sochaí. Ba chóir go gcuimseofar anseo, oideachas do dhaoine óga i scoileanna chomh maith le oideachas arna soláthar ag daoine óga don ghlúin níos sine. Aithníodh na póilíní mar ghrúpa tábhachtach freisin a bhfuil oideachas le cur orthu maidir le hidirdhealú agus éagsúlacht.

Cosaint bhreise ag teastáil ó leanaí neamh-AE

Maidir leis na pléití i ndáil le leanaí neamh-AE a bhfuil cosaint bhreise ag teastáil uathu, bhí imní na rannpháirtithe dírithe ar an gcaoi a ndéileáiltear le himircigh, le hiarrthóirí tearmainn agus le dídeanaithe agus bhí imní orthu go mbeadh níos mó claontachta ina gcoinne.

Labhair a lán daoine óga faoin gcaoi a gcaithfidimid a bheith fáilteach le dídeanaithe agus le hinimircigh agus caitheamh leo mar dhaonnaithe. Bhraith siad gur cheart go gcaithfí go cothrom le gach duine, cibé a rugadh iad sa Ríocht Aontaithe / i dTuaisceart Éireann, i dtíortha san AE níos leithne nó i dtíortha nach bhfuil san AE, agus gur gá dúinn a sheachaint lipéad a chur ar dhaoine de réir a náisiúntachta nó a stádas inimirce.

'Tá gach duine ina dhuine agus ba chóir go mbeadh muid go léir ar comhchéim'

Bhraith roinnt acu go raibh dearbhú á thabhairt do thuairimí frith-dhídeanaithe nó ciníocha le vótáil an Bhreiteamachta, agus bhí imní orthu nach mbraithfeadh leanaí dídeanaithe go bhfuil fáilte rompu agus nach nglactar leo sa Ríocht Aontaithe tar éis é seo. Go deimhin, bhraith siad go raibh rioscaí ann go n-éireodh sé níos contúirtí do dhídeanaithe agus d'imircigh sa Bhreatain i ndiaidh an Bhreiteamachta. Labhair go leor daoine óga faoi dualgas cúraim a bheith orthu chun cabhrú le gach duine, beag beann ar an mBreiteamacht, agus bhraith roinnt acu nach mbeadh rudaí níos measa

mar gheall ar an mBreiteamacht do leanaí imirceacha nó dídeanaí a bhí i dTuaisceart Éireann cheana féin. Mar sin féin, bhí imní ann nach gcaitear go cothrom le leanaí imirceacha sa chaoi chéanna agus a chaitear le leanaí na Briotannacha/Éireannacha agus go raibh ordlathas cearta ann maidir leis seo.

Labhair roinnt rannpháirtithe faoin mBreiteamacht mar dheis chun an córas inimirce a fheabhsú. Cé gur labhair rannpháirtithe i gcoitinne faoin tábhacht a bhaineann le glacadh le gach duine sa tsochaí beag beann ar a gcuid náisiúntachta, labhair cuid acu faoin ngá a bhfuil le teorainneacha a chur ar inimirce, chomh maith le réamhchúraimí. Bhraith siad go raibh gá le hinimirce a rialáil agus i gcásanna áirithe mhol siad go raibh sé tábhachtach cabhrú le daoine atá i ngátar inár sochaí féin sula gcabhraímid le dídeanaithe. Moladh gur chóir líon na ndídeanaithe a chinneadh de réir cumais an gheilleagair caighdeán maireachtála compordach a thabhairt dóibh. Léirigh roinnt eile imní faoi na droch-caighdeáin reatha atá ann faoi láthair maidir le dídeanaithe sa Ríocht Aontaithe.

'Ba chóir acmhainní a thabhairt do dhídeanaithe ionas go bhféadaidís éirí ar a gcosa an athuair agus ní hamháin i ndóthain chun fanacht beo.'

Labhair roinnt rannpháirtithe ar an tábhacht a bhaineann le dídeanaithe a chomhtháthú sa tsochaí. Seachas iad a chur in ionaid, ar nós Soláthar

Díreach i bPoblacht na hÉireann, ba cheart go mbeadh a dtithe féin acu i bpobail agus combhionannas maidir le deiseanna sa tsochaí. Cheap siad go raibh sé seo ríthábhachtach do leanaí. Ba chóir aitheantas a thabhairt don acmhainneacht de dhídeanaithe agus d'imircigh cur leis an tsochaí agus luach a chur ar chultúr níos éagsúil.

Cheistigh roinnt daoine óga an mbeadh tionchar diúltach ag an tarraingt siar de mhaoiniú an AE ar an tacaíocht a thugtar d'imircigh i dTuaisceart Éireann. An mbeadh bearna ann i maoiniú na tacaíochta seo i ndiaidh an Bhreathimeachta? Bhí imní ar dhaoine eile faoi rochtain na ndaoine óga a bhfuil ina ndídean, iarrthóir tearmainn agus imirceach ar oideachas coláiste agus ollscoile.

Chuir rannpháirtithe eile a n-imní in iúl maidir le beartais inimirce na Ríochta Aontaithe i ndiaidh an Bhreathimeachta agus a dtionchar ar chearta na leanaí chun saol teaghlaigh. Chuir siad ceisteanna faoi leanaí nach as an AE iad a dtuismitheoirí a bhfuil víosaí oibre acu: an dtabharfar cosaint dóibh i ndiaidh an Bhreathimeachta? I gcás leanaí atá scartha atá i dteideal athaontú lena dteaghlaigh trí nósanna imeachta an AE, an mbeidh an ceart seo fós acu? An mbeidh tionchar aige ar theaghlaigh ina bhfuil náisiúntacht difriúil ag na tuismitheoirí?

Moladh freisin go bhfuil tionchar aige cheana féin ar phróisis inimirce i gcásanna áirithe, a bhfuil mar chúis le moilleanna agus neamhchinnteacht do go leor daoine. B'fhéidir go bhfuil dídeanaithe, nach féidir leo sábháilteacht na Ríochta Aontaithe a shroicheadh, ina gcónaí i gcúinsí contúirteacha.

Moltaí

- **Ní mór do rialtas na Ríochta Aontaithe gníomhú chun dul i ngleic le héadulaingt i leith imirceach, dídeanaithe agus iarrthóirí tearmainn, lena n-áirítear trí oideachas, feasacht a mhúscailt trí na meáin, reachtaíocht agus gníomhaireacht iar-Bhreathimeachta chun monatóireacht agus cosaint a dhéanamh ar chearta na n-imirceach. Ba chóir machnamh a dhéanamh ar 'Chairt' chun a gcearta a chumhdach agus a chosaint.**

- Ní mór d'ionadaithe polaitiúla cuimhne a choinneáil ar chearta agus leasanna leanaí neamh-AE, i dteannta le leanaí an AE agus na Ríochta Aontaithe, ar fud na hidirbheartaíochta Breatimeachta.
- Ní mór cearta na leanaí chun saol teaghlaigh a chosaint i ndiaidh an Bhreatimeachta - cuimsítear anseo leanaí dídeanaí, iarrthóra tearmainn agus imirceacha. Ní mór leanúint ar aghaidh le leanaí scartha a athaontú lena dteaghlaigh tríd an AE, nó trí nósanna imeachta eile.

Príomhtheachtaireachtaí ó na rannpháirtithe óga

1. Beidh tionchar mór ar leith ag an mBreatimeacht ar dhaoine in Éirinn, sa tuaisceart agus sa deisceart, agus ba cheart breithniú speisialta a dhéanamh air seo le linn an phróisis idirbheartaíochta
2. Beidh níos mó tionchair ag an mBreatimeacht ar leanaí agus ar dhaoine óga ná mar a bheidh aige ar aon ghrúpa eile, mar go gcaithfidimid déileáil leis na himpleachtaí ar feadh an tréimhse is faide. Mar sin, labhair linn faoi agus éist lenár dtuairimí.
3. Táimid tar éis teacht ró-fhada ón bhforéigean agus ó na deighiltí a bhí ann roimhe seo. Níl muid ag iarraidh cúlú go teorainn chrua agus go coimhlint a fheiceáil.
4. Gach gné de Chomhaontú Aoine an Chéasta a chosaint le linn an phróiseas Breatimeachta agus cearta na ndaoine óga i dTuaisceart Éireann a chosaint ionas go bhféadfaimid féin a mheas mar Bhriotanach, Éireannach nó iad araon.
5. Éagsúlacht a chur chun cinn agus cosc a chur le heasaontas a d'fhéadfadh dul in olcas, go háirithe maidir le naimhdeas i leith imirceach.
6. A chinntiú go teorainn bhog í teorainn an AE / an Ríocht Aontaithe ar oileán na hÉireann. Saoirse gluaiseachta thar an teorainn a chosaint.

7. Tá an-íomní orainn go bhféadfadh an Breatimeacht srian a chur ar ár deiseanna sa todhchaí maidir le hobair, taisteal agus staidéar. Na deiseanna seo a chosaint agus tacú linn chun leas a bhaint as na deiseanna nua a d'fhéadfadh teacht chun cinn mar thoradh ar an mBreatimeacht.

8. Comhionannas de chaighdeáin agus de chomhaontuithe comhoibritheacha a choimeád, ar fud oileán na hÉireann maidir le príomhréimsí ar nós cúram sláinte, oideachas, póilíneacht, sábháilteacht agus cosaint leanaí.

9. Ligean do leanaí, daoine óga agus a dteaghlaigh leanúint ar aghaidh le rochtain a bheith acu ar sheirbhísí agus ar áiseanna ar gach taobh den teorainn, mar shampla i ndáil le sláinte, oideachas, gníomhaíochtaí spóirt agus cultúrtha. Ba cheart go ngeallann rialtas na Ríochta Aontaithe do leanúint le ballraíocht den LEE d'fhonn a chinntiú go gcoinneofar an Cárta Eorpach um Árachas Sláinte.

10. Ba cheart an t-airgead a d'íoc rialtas na Ríochta Aontaithe leis an AE roimhe seo a úsáid chun seirbhísí sláinte níos fearr a mhaoiniú agus chun an cailteanas den mhaoiniú AE a soláthraíodh do Thuaisceart Éireann roimhe seo a chúiteamh.

CUID 2: CUR I LÁTHAIR AG IONADAITHE RIALTAIS

Tánaiste agus Aire Gnóthaí Eachtracha agus Trádála, Simon Coveney TD Rialtas na hÉireann.

Ní raibh an Tánaiste ábalta freastal ar an gcomhdháil mar gheall ar shocrú a bhí déanta roimh ré ach chuir sé teachtaireacht físe ar fáil don chomhdháil a taispeánadh ag tús an imeachta.

Ina theachtairacht dúirt an Tánaiste gur:

“Comhdháil an-tábhachtach é seo, ag cur i gcuimhne go bhfuil an Breatimeacht faoi dhaoine óga, níos mó ná aon duine eile, toisc go bhfuil cinneadh á dhéanamh faoi do thodhchaí”.

“Tá an ráiteas atá á dhéanamh agat inniu - gur é seo do Bhreatimeacht freisin, agus go bhfuil tábhacht ag baint le guthanna na ndaoine óga sa phróiseas seo - ríthábhachtach.”

“Mar chohórt, ní raibh na daoine óga a chaith vóta i reifreann na Ríocht Aontaithe ag tacú leis an mBreatimeacht. Anois, ní mór dúinn ár ndícheall a dhéanamh le cúrsaí deacra agus a áirithiú go bhfuil bhur nguthanna, bhur n-ímní, agus bhur bhfís don todhchaí léirithe sa chur chuige maidir leis an Breatimeacht agus maidir le réitigh ar na dúshláin atá romhainn a fháil. ”

“Is é mo thuairim, i Rialtas na hÉireann, go bhfuilimid ag éisteacht leis an méid atá á rá agaibh agus go bhfuil oibleagáid ar gach duine a bhfuil freagrachtaí orthu, iarracht a dhéanamh freagra a thabhairt air sin ar bhealach dearfach.”

“Tá deacrachtaí gan choinne ag baint leis an Breatimeacht d’oileán na hÉireann. Ní mór dúinn a chinntiú go dtugtar cosaint don dul chun cinn atá bainte amach maidir le Comhaontú Aoine an Chéasta agus leis an bPróiseas Síochána, lena n-áirítear do phobail i dTuaisceart Éireann atá ina gcónaí agus ag obair le chéile, agus do chaidrimh idir an Tuaisceart agus an Deisceart agus idir Éire agus an Bhreatain. ”

“Táim ag tnúth le héisteacht le torthaí na bpléite agus na díospóireachtaí ó bhur gcomhdháil inniu. Is é an rud amháin a deirim leat: éiligh go n-éistfear le bhur nguthanna, ós rud é gurb é bhur todhchaí atá i gceist.”

“Déanfaimid iarracht, mar lucht déanta beartas i lár an phróisis seo, freagra a thabhairt ar do chuid ímní ar na bealaí is fearr is féidir linn. Beidh mé ag éisteacht le torthaí na comhdhála, agus gabhaim buíochas leat as an am a chaith sibh le bheith ann ”.

An tAire Chloe Smith, Fo-Rúnaí Parlaiminte, Oifig Thuaisceart Éireann

Labhair an tAire Chloe Smith leis an gcomhdháil chun glacadh leis an eagla agus inní faoi cad a chiallaíonn an Breatimeacht do dhaoine óga agus dá dteaghlaigh agus béim a chur ar chuid de na deiseanna a thagann chun cinn do dhaoine óga. Is é seo a leanas achoimre dá h-óráid.

Go raibh míle maith agaibh as cuireadh a thabhairt dom freastal ar an ócáid iontach seo inniu. Chuir sibh in iúl dom go bhfuil inní oraibh faoin mBreatimeacht, faoi cad a chiallaíonn sé do bhur dteaghlaigh agus do bhur dtodhchaí, agus ba mhaith liom go dtógfaidh sibh nóiméad beag chun éisteacht le dearcadh difriúil. Ba mhaith liom a insint daoibh faoin deis a bhaineann leis an mBreatimeacht, faoi na rudaí a d'fhéadfadh a bheith i gceist don gheilleagar, do phoist, do bhur dtaithí ollscoile agus do bhur thodhchaí mar na chéad ceannairí eile agus mar shaoránaigh rannpháirteacha i dTuaisceart Éireann.

Ba mhaith liom a chur in iúl go bhfuil comhaontú ann sna ndíospóireachtaí faoi thodhchaí an chaidrimh idir Tuaisceart Éireann agus Éire, go gcaithfí cosaint iomlán a thabhairt don Chomhaontú Bhéal Feirste. Ciallaíonn sé sin más mian leis na daoine anseo i dTuaisceart Éireann fanacht sa Ríocht Aontaithe, leanfaidh sé sin ar aghaidh.

Táimid tiomanta do bheart leis an AE a áirithiú a oibríonn don Ríocht Aontaithe uile, lena n-áirítear Tuaisceart Éireann.

Faoi láthair, is féidir leat taisteal ón Ríocht Aontaithe go hÉirinn gan víosa agus gan phas. Le blianta fada anuas tá córas i bhfeidhm ar a dtugtar an Comhlimistéar Taistil. Ba mhaith linn leanúint ar aghaidh leis seo i ndiaidh an Bhreatimeachta agus aontaíonn an AE leis seo.

Is mian linn seasadh leis an gComhaontú Bhéal Feirste ina iomlán, ag seachaint 'teorainn chrua' nuair a bhíonn earraí ag trasnú ó thír amháin go tír eile. Is mian linn oibriú Thuaidh-Theas le hÉirinn agus ba mhaith linn go n-oibreodh Éire leis an Ríocht Aontaithe Thoir-Thiar freisin. Is caidreamh iontach é faoi láthair agus ba mhaith linn go leanfar ar aghaidh leis seo.

Rinneamar dul chun cinn iontach freisin ag plé na cearta saoránachta agus aitheantais dá bhforáiltear sa Chomhaontú Bhéal Feirste agus sa phlé maidir leis an gcomhoibriú Thuaidh-Theas a dhéantar faoi láthair gComhaontú. Táimid ag iarraidh saorghluaiseacht earraí, agus ba mhaith linn gealltanas a thabhairt do ghnóthaí áitiúla go bhféadfaidh bhur dteaghlaigh obair anseo san lú agus ar fud Thuaisceart Éireann agus go bhféadfaidís leanúint ar aghaidh ag trádáil go saor thar an teorainn.

Is dhá shaincheist iad an trádáil agus an inimirce a fheictear go minic le chéile iad. Tá leas bainte ag an Ríocht Aontaithe as inimirce, rud a thugann cultúir, scileanna agus smaointe nua do gheilleagar na Ríochta Aontaithe. Leanfaimid ar aghaidh ag cur fáilte roimh dhaoine chuig an Ríocht Aontaithe. Tá gá le himircigh oilte chun obair a dhéanamh ar fud ár dtionscal d'fhonn a chinntiú go bhfuil na daoine cearta againn sna poist chearta chun an leas is fearr a sholáthar dár ngeilleagar. Leis an AE a fhágáil ligtear dúinn é seo a dhéanamh: ár bpolasaí inimirce féin a bheith againn. Ceann atá saincheaptha do riachtanais éagsúla an gheilleagair. Ceann atá solúbtha agus a fhéadtar freagairt, nuair a bhíonn gá le tuilleadh daoine, agus mar i gcéanna nuair a bhíonn gá le líon níos lú de dhaoine.

Ar ndóigh, is é an teorainn síos an bhóthair anseo san lúr an t-aon teorainn talún iarbhír atá ag an Ríocht Aontaithe le tír an AE, sa chás seo is Éire í an tír sin. Tá roinnt dúshláin ag baint leis, ach tá deis ann gur féidir le Tuaisceart Éireann gníomhú mar dhroichead idir an Ríocht Aontaithe agus an AE.

Mar gheall ar shuíomh Thuaisceart Éireann beidh sraith rialacha i gceist a bheidh beagán níos difriúla chun a chinntiú go leanann an teorainn oscailte ar aghaidh mar atá anois. An feirmeoir í d'athair nó do mháthair? Tá a fhios agat go bhfuil sláinte ainmhithe fíorthábhachtach, agus go gcoimeádtar a caighdeán thábhachtacha ar fud na Ríochta Aontaithe agus na hÉireann chun a chinntiú go bhfuil ár mbia sábháilte agus go bhfuil ár bhfeirmeacha sábháilte. Táimid ag obair ionas go dtarlóidh é sin.

Mar sin, is léir go gcaithfidimid réitigh shonracha a bheith againn ar na cúinsí uathúla i dTuaisceart Éireann agus in Éirinn, agus táimid ag obair i dtreo sin gach lá.

Spreag an méid a chuala mé inniu go mór mé. Is léir go bhfuil gach duine anseo an-aireach faoi Thuaisceart Éireann, faoin AE agus faoin todhchaí. Tá sé soiléir nach gcaithfeadh roinnt mhór agaibh vóta don Bhreathimeacht, ach ba mhaith liom a dhearbhu d'íobh go bhfuil na céadta daoine i rialtas na Ríochta Aontaithe ag obair go dian gach lá chun a chinntiú go bhfaighimid an Breathimeacht is fearr agus is féidir, agus mar sin nuair a fhágann muid, nuair a bhíonn tú beagán níos sine agus nuair a théann tú go dtí an ollscoil nó faoi oiliúint nó i bpost, beidh a fhios agaibh go ndearnamar ár ndícheall d'íobh, le haghaidh bhur dteaghlaigh, agus do gach duine sa tír seo.

Díospóireacht phainéil

D'aithin an coiste stiúrtha roinnt príomhoifigeach ón dá thaobh den teorainn a mheas siad go bhféadfaidís cuid dá n-imní faoin mBreatimeacht a fhreagairt. Rinne rannpháirtithe na comhdhála liosta de cheisteanna a agus ansin thug siad tús áit dá gcuid ceisteanna is tábhachtaí a bhí le cur chuig an bpainéal. Tá liosta níos mionsonraithe de na ceisteanna a cuireadh, ar fáil in Aguisín 3.

Mar chathaoirleach ar an díospóireacht painéil bhí Jillian Van Turnhout, Leaschathaoirleach, European Movement Ireland.

Painéal

- Mairead McGuinness, FPE, Poblacht na hÉireann
- Jim Nicholson, FPE, Tuaisceart Éireann
- Fergal Lynch, Ard-Rúnaí, An Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige, Poblacht na hÉireann
- Paul Brush, Ceann Caidrimh Toghcháin an AE, an Oifig Fheidhmiúcháin, Tuaisceart Éireann

C1. Má ghortaíonn duine leanbh ar thaobh amháin den teorainn agus bogann sé go taobh eile, cén tionchar a bheidh ag an mBreathimeacht air sin?

Fergal Lynch - Is féidir linn leanúint ar aghaidh le comhoibriú thar an teorainn, is cuma an bhfuilimid san AE nó nach bhfuil. Is saincheist é seo maidir le comhoibriú póilíneachta, ag obair le Túsla - an Ghníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach i bPoblacht na hÉireann agus a coibhéis i dTuaisceart Éireann. Ba cheart go mbeadh reachtaíocht ann don méid a chailltear mar gheall ar an AE a fhágáil.

Mairéad McGuinness - Tá gach rud indéanta ach beidh sé ag brath ar dhea-thoil pholaitiúil, a d'fhéadfadh a bheith níos deacra nuair nach bhfuilimid san AE. Ní mór dúinn a ullmhú anois agus é a dhéanamh i gceart.

C2. An féidir leis an bpainéal samplaí de rud dearfach a d'fhéadfadh a bheith mar thoradh ar an AE a fhágáil?

Jim Nicholson - B'fhéidir go mbeadh an maorlathas agus riglisnéis níos éasca, go háirithe d'earnáil na Talmhaíochta. Is mór an bearrán iad roinnt cinní ag leibhéal an AE. Is í an Ríocht Aontaithe ceann de na tíortha is fearr maidir le rialacháin an AE a chur i bhfeidhm. Creidim go láidir go bhfuil dearcadh difriúil ag Tuaisceart Éireann ar an AE ná a bhfuil ag an mBreatain Mhór. Fuair Tuaisceart Éireann níos mó ná £2 billiún i maoiniú Síochána ón AE. Níl gach córas foirfe, ach d'éirigh go maith leis an AE nuair a bhíomar ann.

Paul Brush - D'fhéadfadh Tuaisceart Éireann a bheith ina droichead idir an Ríocht Aontaithe agus an AE agus b'fhéidir go dtabharfaidh sé sin deiseanna dúinn chun nasc a sholáthar idir an dá cheann.

Mairéad McGuinness - Is é an t-aon rud mhaith faoin mBreathimeacht ná tionóil cosúil leis an gceann seo, ag caint faoin Eoraip, ina mbíonn fonn ar na rannpháirtithe rá 'ná lig di titim as a céile'. Tá tionóil ar nós an ceann seo ríthábhachtach chun todhchaí an AE a áirithiú.

C3. An gcuirfead bac ar rochtain ar ospidéal trasteorann i ndiaidh an Bhreathimeachta?

Mairéad McGuinness - Níl an earnáil chógaisíochta ach ag foghlaim anois cén tionchar a d'fhéadfadh a bheith ag an mBreathimeacht ar sholáthar, déantúsaíocht agus rialú leigheasanna. Is ceist phráinneach í seo a chaithfead dul i ngleic léi, chomh maith leis an ngluaiseacht de ghairmithe leighis ar fud oileán na hÉireann. I gcásanna éigeandála tá súil againn go mbeadh eitice leighis i réim.

Jim Nicholson - Tá Cumann Leighis na Breataine an-ghníomhach sa Bhruiséil, ag cur imní ar aghaidh faoi cad a d'fhéadfadh bheith i gceist leis an mBreathimeacht. D'fhéadfadh tionchar a bheith aige ar chomhoibriú suntasach i sláinte, mar shampla, idir Allt Mhic Dhuibhleacháin i nDoire agus Droim Ceat san Iúr agus ar sheirbhísí sláinte i bPoblacht na hÉireann. I dtéarmaí praiticiúla, níl an saineolas ag an Tuaisceart agus / ná ag an nDeisceart leo féin i ngach réimse agus caithfidh siad comhoibriú lena gcéile. Faoi láthair tá Tuaisceart Éireann faoi mhíbhuntáiste ollmhór ós rud é nach bhfuil aon Tionól ná Feidhmeannacht ann.

Paul Brush - Faoi láthair tá gach réimse um chomhoibriú sláinte Thuaidh / Theas á leagan amach ionas go mbeidh níos mó ar eolas againn ná an méid atá á rá againn, lena n-áirítear na gnéithe (más ann dóibh) a d'fhéadfadh a bheith i mbaol mar thoradh ar an AE a fhágáil, agus an méid is gá dúinn a dhéanamh chun iad a choinneáil. Tá forbairt déanta ar fhorhmór na gcomhaontuithe i gcomhar sláinte ó tháinig Comhaontú Aoine an Chéasta i bhfeidhm agus níl siad ag brath ar chomhaltas den AE. Tá na páirtithe go léir tiomanta do Chomhaontú Aoine an Chéasta a chosaint go hiomlán.

C4. Cad a bheidh i gceist leis an mBreathimeacht do dhaoine atá ag trasnú na teorann faoi láthair i gcomhair turas agus / nó oideachas?

Fergal Lynch - Is féidir liom a rá go dearfa 'níl a fhios agam'. Is é ceann de go leor réimsí nach bhfuil a fhios againn go fóill agus go gcaithfimid réiteach.

Jim Nicholson - Níl aon duine atá ag iarraidh teorainn chrua ar eolas agam. Níl an freagra ar an gceist seo ar eolas ag aon duine. Faoi mhí Iúil 2018 beidh smaoinemh cothrom againn maidir leis an treo a ghlacfar. Faoi láthair tá leamhsháinn idirbheartaíochta againn agus tá sé dírithe ar airgead. D'fhéadfaimis teacht ar staid ina mbeidh 'parthas smuglálaithe' ag an teorainn. Ní mór dúinn a chinntiú nach dtéann muid ar ais go dtí scuainí ag an teorainn. Má tá cónaí ort i limistéar teorann, is fadhb mhór é. Tá an Breathimeacht ag iarraidh an Eoraip a athrú ón taobh amuigh

seachas laistigh agus níor tugadh go leor breithnithe do theorainn na hÉireann.

Mairéad McGuinness - Má fhágann an Ríocht Aontaithe an tAontas Custaim, conas is féidir linn teorainn nó seiceáil éigin a sheachaint? D'fhonn teorainn a sheachaint b'fhéarr dúinn go bhfanfadh an Ríocht Aontaithe san Aontas Custaim, ach ní hé seo seasamh na Ríochta Aontaithe. Tá obair le déanamh chun an bhearna idir an AE agus an Ríocht Aontaithe a líonadh.

C5. An mbeidh daoine ó Thuaisceart Éireann fós i dteideal cearta saoránach an AE?

Fergal Lynch - Is saincheisteanna iad go léir; rochtain ar thríú leibhéal oideachas, saoirse gluaiseachta, fostaíocht, saoránacht, trádáil a bhfuil tionchar ag an gceist seo orthu agus ní féidir linn iad go léir a fhreagairt faoi láthair.

Paul Brush - Tá Státseirbhís Thuaisceart Éireann ag obair lena chinntiú go n-éistean na hidirbheartaithe le gach imní maidir leis na réimsí go léir. Cuirfidh mé in iúl na pointí a ardaíodh inniu i rith na bpléití. Ba mhaith liom daoine a spreagadh freisin a bhfuil sa seomra chun glacadh le tairiscint Chloe Smith maidir le haon cheist eile a chuirfear isteach chuig a hoifige a fhreagairt.

Jim Nicholson - Tá mé i mo FPE le 20 bhliain anuas agus shíl mé go raibh gach rud feicthe agam cheana féin ach ní cheapaim é sin a thuilleadh. Is í freagracht amháin atá orm mar FPE ná an socrú is fearr a fháil do Thuaisceart Éireann faoi Mheán Fómhair / Deireadh Fómhair 2018. Cibé an bhfuil comhaontú ann nó nach bhfuil, beidh gá leis dul chuig Parlaimint an AE ansin.

Mairead McGuinness - Roimh an mBreathimeacht ní raibh ceist na náisiúntachta chomh tábhachtach sin, ach faoi láthair is saincheist arís í. Tá an-chontúirt ann maidir le hidirdhealú - sa díospóireacht seo, ní mór éisteacht le guthanna na ndaoine sin nach bhfuil guth acu. Tá áthas orm go ndearna daoine óga teagmháil liom. Tá deis agat an todhchaí a mhúnlú.

Aguisíní

Aguisín 1: Clár comhdhála

Óstán Canal Court, Dé hAoine 10 Samhain 2017

- 11.30 **Fáilte agus Réamhrá, Koulla Yiasouma**
Coimisinéir Thuaisceart Éireann um Leanaí agus Daoine Óga
- 11.35 **Teachtaireacht Físeáin ón Aire Simon Coveney**
An tAire Gnóthaí Eachtracha agus Trádála, Poblacht na hÉireann
- 11.40 **Cur i láthair de na Príomhthéamaí** ag an nGrúpa Stiúrtha Comhdhála
- 12.05 **Díospóireachtaí Chaife Óige:** Babhtaí 1 - 3
- 1.10 **Lón**
- 2.00 **Seisiún Chaife Óige:** Babhtaí 4 - 5
- 2.35 **Príomhtheachtaireachtaí ón gCaife Óige**
- 2.45 **Vótáil Sli.do** ar cheisteanna don phainéal
- 3.00 **Aiseolas ón Aire Chloe Smith**
Fo-Rúnaí Stáit Parlaiminte do Thuaisceart Éireann
- 3.20 **Seisiún Ceiste agus Freagra an Phainéil**
- *Mairead McGuinness, FPE, Poblacht na hÉireann*
 - *Jim Nicholson, FPE, Tuaisceart Éireann*
 - *Fergal Lynch, Ard-Rúnaí, An Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige, Poblacht na hÉireann*
 - *Paul Brush, Ceann Caidrimh Todhchaí an AE, an Oifig Fheidhmiúcháin, Tuaisceart Éireann*
- 3.55 **Tuairimí Deiridh** , an Dochtúir Niall Muldoon, an tOmbudsman do Leanaí

Aguisín 2: Faisnéis chúlra ar théamaí díospóireachta

Tugadh pacáiste faisnéise ar fáil do na rannpháirtithe chun cuidiú leo smaoineamh faoin gcaoi a mbeadh tionchar ag an mBreatimeacht ar dhaoine óga agus chun eolas a thabhairt do na díospóireachtaí.

Téamaí uileghabhálacha

Airteagal 1 - Tá cearta ag gach leanbh agus ag gach duine óg.

Airteagal 3 - Má tá cinneadh á dhéanamh fút ní mór go gcuirtear san áireamh an **leas is fearr duit** nuair a dhéantar an cinneadh deiridh.

Airteagal 12 - Tá sé de cheart agat **labhairt amach agus go n-éisteann daoine fásta le do chuid tuairimí** agus go dtugann siad ort maidir le rudaí a théann i bhfeidhm ort.

Airteagal 13 - Tá **saoirse cainte agat**, nó an ceart a rá cad a chreideann tú, fad is nach ndéanann sé díobháil do dhaoine eile.

Airteagal 41 - Má fhoráiltear níos mó do leanaí le dlíthe do thír féin nó le dlíthe idirnáisiúnta ná mar a éilítear leis an gCoinbhinsiún, ní mór do do thír na caighdeán níos airde a chomhlíonadh de réir mar a foráiltear leis na dlíthe sin.

Sna díospóireachtaí an Chaife Óige díreofar ar na seacht dtéama seo a leanas a d'aithin an grúpa stiúrtha. Faoi gach téama, gheobhaidh tú eolas faoi chearta a d'fhéadfadh a bheith faoi thionchar agus roinnt cásanna a thugann cur síos ar conas a d'fhéadfadh tionchar a bheith aige ar leanaí agus daoine óga:

- **Féiniúlacht agus Neamh-Idirdhealú** (Airteagail 2, 14, 30)
- **Saol Teaghlaigh, Náisiúntacht agus Taisteal** (Airteagail 7, 8, 9, 10, 15)
- **Cosaint Leanaí** (Airteagail 11, 19, 32, 34, 36)
- **Cosaint bhreise ag teastáil ó leanaí neamh-AE** (Airteagal 22, 35)
- **Sláinte agus Míchumas** (Airteagal 23, 24)
- **Oideachas** (Airteagail 17, 28, 29, 31)
- **Caighdeán Maireachtála** (Airteagail 18, 26, 27)

Téama 1: Féiniúlacht agus Neamh-Idirdhealú

Airteagal 2 - Baineann na cearta sa Choinbhinsiún le gach duine atá faoi bhun 18 mbliana d'aois, is cuma cé hé tú féin, cibé buachaill, cailín nó duine eile tú, cuma faoi do reiligiún, nó an bhfuil míchumas agat nó nach bhfuil nó cén cineál teaghlaigh a bhfuil agat. **Níor chóir go gcaithfí go dona leat toisc go bhfuil tú difriúil (nó cuma difriúil ort) .**

Airteagal 14 - Tá an **tsaoirse agat do chuid smaointe agus do chreideamh féin a bheith agat** agus do reiligiún féin a roghnú.

Airteagal 30 - Tá sé de **cheart agat taitneamh a bhaint as do chultúr féin**, do theanga féin a úsáid agus do reiligiún féin a chleachtadh.

Cás-staidéar ar fhéiniúlacht agus neamh-idirdhealú: Duine óg idirghnéasach

Cúlra

Is duine idirghnéasach* é Jamie atá ina chónaí i dTuaisceart Éireann. Tá ar daoine idirghnéasach déileáil le hidirdhealú agus mí-úsáid ón bhforas míochaine ó am ar rugadh iad, lena n-áirítear, ach ní hamháin idirghabhálacha liachta neamhriachtanacha gan toiliú feasach.

Cabhair ar fáil Anois

Le déanaí, rinneadh dul chun cinn maidir le cearta daoine idirghnéasacha ar fud an AE mar gheall ar bhrústocaireacht ar leibhéal an AE. Tá imní ar Jamie agus ar dhaoine eile ar nós Jamie más rud é go nglacfar le treoir AE i ndiaidh an Bhreiteimeachta, go páirteach mar gheall ar bhrústocaireacht a rinneadh roimh an Breiteimeacht, feabhsóidh cearta daoine idirghnéasacha san AE ach fágfar ina ndiaidh iad siúd sa Ríocht Aontaithe, agus beidh gá le hiarrachtaí brústocaireachta a atosú.

In 2013, ghlac an AE na "Treoirlínte maidir le cur chun cinn agus cosaint a dhéanamh ar gach ceart de chearta an duine a bheith á theachtadh ag daoine leispiacha, aeracha, déghnéasacha, trasinscneacha agus idirghnéasacha (LGBTI)" an chéad doiciméad beartais AE a thagraíonn go sainráite do dhaoine idirghnéasacha.

Saincheisteanna le breithniú

Ní mór an t-aitheantas a thugtar do dhaoine idirghnéasacha mar thoradh ar na treoirlínte seo a mhacasamhlú sa Ríocht Aontaithe tar éis an Bhreiteimeachta.

Cás-staidéar ar fhéiniúlacht agus neamh-idirdhealú: Seineafóibe

Cúlra

Tháinig Amena, cailín óg ó Siria, lena theaghlach trí sheachtain sular reáchtáladh reifreann an Bhreiteimeachta. Nuair a tháinig sí, chuir an pobal áitiúil comharthaí 'fáilte romhaibh' chun fáilte a chur roimpi, roimh a cuid teaghlaigh, agus roimh theaghlaigh Shiriacha eile.

Nuair a tharla an vóta Breiteimeachta, áfach, bhraith Amena athrú dian ar an atmaisféar. Dúradh leis na teaghlaigh 'dul ar ais go dtí an áit ónar tháinig siad' agus 'fág ár dtír'. Tá sí féin agus a teaghlach anois i dtimpeallacht an-naimhdeach. Tháinig méadú suntasach ar choireacht fuatha sna cúpla seachtain tar éis an reifrinn (taispeánadh leis na figiúirí méadú de 46% sa tseachtain tar éis an reifrinn i gcomparáid leis an mbliain roimhe sin) agus níl laghdú tagtha fós ar an ardráta sin.

Mothaíonn teaghlaigh ar nós teaghlach Amena nach bhfuil fáilte roimh a thuilleadh laistigh dá bpobail, agus tá siad buartha faoina gcuid sábháilteachta.

Cabhair ar fáil anois

Is féidir le teaghlach Amena coireanna fuatha a thuairisciú leis na póilíní, ach ní cheapann siad go gcabhróidh sé seo leo. Fiú má bhog siad, an mbeadh rudaí níos fearr? Ar deireadh, ba mhaith leo a bheith in ann dul ar aghaidh lena saol i síocháin, agus teacht chugaibh féin ón tráma a d'fhulaing siad sa tSiria. Le taobh leis an neamhdeas a bhraith siad, thug comharsana agus grúpa pobail áitiúil tacaíocht dóibh freisin.

Saincheistanna le breithniú

Conas a thabharfaidh gníomhaireachtaí rialtais cosaint do leanaí agus do dhaoine óga cosúil le Amena, agus dá dteaghlaigh, ó choireacht fuatha i ndiaidh vóta an Bhreitheachta? Cuireadh isteach ar na teifigh, agus ar na himircigh eile a tháinig go Tuaisceart Éireann, chomh maith le daoine mionlaigh eitneacha a d'fhéadfadh a rugadh i dTuaisceart Éireann agus a bhfuil ina gcónaí ann ón am ar rugadh iad.

Téama 2: Saol Teaghlaigh, Náisiúntacht agus Taisteal

Airteagal 7 - Tá sé de **cheart agat ainm a bheith agat ag do bhreith agus tá sé de cheart agat a bheith ina shaoránach de do thír**. Tá sé de cheart agat freisin go dtugann do thuismitheoirí aire duit, chomh fada agus is féidir.

Airteagal 8 - Tá sé de **cheart agat céannacht** a bheith agat agus a fhios agat cé hé tú féin - ní mór taifid oifigiúla a choinneáil.

Airteagal 9 - **Níor chóir duit a bheith scartha ó do thuismitheoirí mura bhfuil sé ar do shon féin** ; mar shampla, má tá tuismitheoir ag déanamh mí-úsáid ort nó faillí ionat. Má tá do thuismitheoirí scartha óna gcéile, tá sé de cheart agat fanacht i dteagmháil leis an dá thuismitheoir mura bhfuil sé ar mhaithe le do leas féin.

Airteagal 10 - Má tá tú féin agus do thuismitheoirí ina gcónaí i dtíortha difriúla, tá sé de cheart agat **fanacht i dteagmháil** nó teacht ar ais lena gcéile mar theaghlach.

Airteagal 15 - Tá sé de cheart agat **saoirse comhlachais** (páirt a ghlacadh i ngrúpaí agus grúpaí a chruthú agus cairde a dhéanamh) agus **saoirse comhthionóil** (teacht le chéile le daoine eile) chomh fada agus nach ndéanann sé seo díobháil do dhaoine eile. Agus tá do cheart á fheidhmiú agat, ba chóir duit cearta na ndaoine eile a urramú.

Cás-staidéar den tionchar atá ag an Teorainn ar Shaol an Teaghlaigh

Cúlra

Tá Graham 17 bliain d'aois agus téann sé ar scoil san lúr. Tá a thuismitheoirí colscartha. Caitheann sé formhór dá chuid ama ina chónaí lena athair i nDún

Dealgan ach taistealaíonn sé go rialta idir theach a mháthar san Iúir agus teach a athar. Tógann an turas ar bhus thart ar 30 nóiméad de ghnáth ach féadfaidh an turas a dhéanamh i 15 nó 20 nóiméad i gcarr. Tá Graham buartha faoin taisteal éasca idir thithe a thuismitheoirí i ndiaidh an Bhreathimeachta.

Cabhair ar fáil Anois

Faoi láthair tá an Ríocht Aontaithe san Aontas Custaim leis an AE agus tá saorghluaiseacht thar an teorainn indéanta mar gheall ar an gComhlimistéar Taistil ar fud oileáin na hÉireann agus sa Ríocht Aontaithe, agus mar gheall ar an bhfíric go bhfuil an dá stát san AE. Mar sin de, is féidir le daoine taisteal thar an teorainn gan dul trí rialú Inimirce.

Saincheisteanna le breithniú

Is cosúil go mbeidh gá le rialú inimirce de chineál éigin ann idir Poblacht na hÉireann agus an Ríocht Aontaithe tar éis an Bhreathimeachta. Dúirt an Ríocht Aontaithe agus an AE gur mian leo 'teorainn bhog' a bheith ann idir Tuaisceart Éireann agus an Phoblacht, ach, níor thug siad eolas mionsonraithe ar an gcuma a mbeidh uirthi. Mura bhfuil 'aon shocrú' ann is dócha go n-iompóidh sé go 'teorainn chrua'. Tá sé tábhachtach cearta leanaí agus daoine óga a chosaint chun saol teaghlaigh agus go bhfuil siad i gcúram an bheirt tuismitheora. Iarraimid ar lucht déanta cinntí gníomhú go tapa chun aontú a dhéanamh ar an gcuma a mbeidh ar an teorainn agus chun a chinntiú go bhfuil gluaiseacht éasca idir na dlínsí.

Téama 3: Cosaint Leanaí

Airteagal 11 - Ní mór don Rialtas a chinntiú go bhfuil tú faoi chosaint ar fhuadach nó ar dhuine éigin tú a thógáil as an tír nuair nach ceart duit a bheith. Sa Ríocht Aontaithe agus in Éirinn, ní mór do naíonáin a gcuid pasanna féin a bheith acu le pictiúir.

Airteagal 19 - Ní mór duit a **choinneáil slán ó dhíobháil agus a bheith faoi chosaint ar fhoréigean agus ar mhí-úsáid** . Ní mór dóibh siúd atá ag tabhairt aire duit, cúram cuí a thabhairt duit.

Airteagal 32 - Ní mór don Rialtas tú a chosaint ar obair chontúirteach a dhéanamh, nó obair a d'fhéadfadh dochar a dhéanamh do do shláinte nó cur isteach ar do chuid oideachais

Airteagal 34 - Ba chóir duit a **bheith faoi chosaint ar theacht i dtír ghnéasach**.

Airteagal 35 - Tá sé de cheart agat a **bheith faoi chosaint ionas nach ndéantar tú a fhuadach, a gháinneáil nó a dhíol**.

Airteagal 36 - Tá sé de cheart agat a **bheith faoi chosaint ó gach cineál dúshaothraithe** a d'fhéadfadh dochar a dhéanamh do do leas nó dod'fhorbairt.

Cas-Staidéar ar Chosaint Leanaí: Gáinneáil ar Leanaí

Cúlra

Is buachaill ón tSlóvaic é Peter atá 14 bliana d'aois é Peter agus is íospartach gáinneála ar leanaí é. Rugadh é agus cam reilige air, agus mar gheall ar an riocht seo bhí sé deacair dó siúl. Tá teaghlach Peter an-bhocht agus rinneadh mí-úsáid bhaile air ar feadh a chuid óige.

D'aontaigh teaghlach Peter é a dhíol le grúpa coireachta eagraithe agus tugadh é go Tuaisceart Éireann. Baineadh a aitheantas uaidh agus cuireadh iallach air uaireanta fada a oibriú gan i ndóthain bia agus gan aon phá.

Bhain an Ríocht Aontaithe leas as iarrachtaí an AE maidir le dul i ngleic le gáinneáil ar dhaoine. D'fhéadfadh an Breatimeacht tionchar a imirt ar chumas fórsaí póilíní na Ríochta Aontaithe maidir le déileáil le gáinneáil ar dhaoine agus mar sin de, bheadh sé níos deacra íospartaigh a chosaint. D'fhéadfadh caillteanais rialacháin an AE, maoiniú agus dlínse Chúirt Bhreithiúnais na hEorpa milleadh a chur ar na blianta oibre a rinneadh le comhpháirtithe Eorpacha maidir le dul i ngleic le gáinneáil ar dhaoine.

An Staid Reatha

Le hAirteagal 35 de Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe um Chearta an Linbh (UNCRC) éilítear go sainiúil do gach stát bearta iomchuí a dhéanamh chun cosc a chur ar fhuadach, díol nó trácht leanaí.

Tá ról ceannasach ag an AE maidir le hiarrachtaí frithgháinneála a chomhordú agus a mhaoiniú ar fud na hEorpa, mar shampla trí Chomhordaitheoir Frith-Gháinneála a thionscnamh agus trí Ardán Cumann Sibhialta an AE i gcoinne Gáinneáil ar Dhaoine a chruthú. Tá roinnt comhlachtaí AE i bhfeidhm, mar shampla Europol, Eurojust, CEPOL agus Frontex a oibríonn chun aghaidh a thabhairt ar gháinneáil ar dhaoine.

D'fhéadfadh eagraíochtaí agus comhlachtaí poiblí na Ríochta Aontaithe rochtain ar na gníomhaireachtaí seo agus ar shruthanna maoinithe an AE a chailleadh i ndiaidh an Bhreatimeachta. Níl aon fhoráil ann faoi láthair chun rochtain ar bhunachair shonraí Europol a thabhairt do bhallstáit nach bhfuil san AE.

I dTreoir an AE maidir le Gáinneáil 2011, cumhdaítear cearta na n-íospartach chun tacaíochta agus cúnamh. Mura ndéantar seo a thrasú i ndlí na Ríochta Aontaithe, d'fhéadfadh íospartaigh gáinneála ar dhaoine a gceart chun tacaíochta a chailleadh.

Príomhtheachtaireachtaí

Is é gáinneáil ar leanaí ar cheann de na mí-úsáidí is uafásaí a bhaineann le cearta leanaí a d'fhéadfá a shamhlú. I bhfianaise na n-oibleagáidí faoin UNCRC, tá sé ríthábhachtach go gcoimeádann an Ríocht Aontaithe a cuid ceangal le comhlachtaí AE, ar nós Europol. Trí fhanacht san Europol, bheadh dualgas ar an Ríocht Aontaithe cloí le cinntí ó Chúirt Bhreithiúnais na hEorpa, ó Pharlaimint na hEorpa agus ó bhallstáit Europol. Chuirfeadh sé seo cosc ar na gáinneálaithe neamhthrócaireacha a dhúshaothraíonn na leanaí chun brabús a dhéanamh, agus cosc ar rialú a bheith acu ar shaol leanaí.

Cas-Staidéar ar Chosaint Leanaí: Cosaint ó dhúshaothrú

Cúlra

Tá Henry 15 bliana d'aois agus is Briotanach é. Bhog a theaghlach ó Shasana go Tuaisceart Éireann agus bhí cónaí orthu an-gar don teorainn. Bhí Henry ar scoil i bPoblacht na hÉireann agus d'oibrigh a athair ann freisin. Go gairid tar éis dóibh teacht ann, gortaíodh go holc athair Henry i dtimpiste le tarracóir agus bhí air éirí as a phost mar fheirmeoir. Mar gheall ar a n-easpa ioncaim, chaill an teaghlach a mbaile agus tá siad anois gan dídean.

Bhí ar Henry an scoil a fhágáil mar nach bhféadfadh a theaghlach costais a chuid oideachais a íoc. Caithfidh sé obair ar feadh 8 uair sa lá, seacht lá sa tseachtain, chun tacú lena theaghlach. Tá sé ag déanamh é seo ionas go mbíonn cineál éigin ioncaim ag a theaghlach. Mothaíonn Henry go gcaithfidh sé leanúint ar aghaidh ag obair uaireanta fada, míreasúnta, agus é á nochtadh d'ainmhithe agus innealra contúirteacha feirme. Bíonn sé ag streachailt leis agus tagann sé (abhaile) beagnach gach lá le gearrtha, spuaiceanna agus ballbhrú agus le beagán pá. Tá cearta Henry á shéanadh chun oideachais, chun a bheith faoi chosaint ar dhochar agus ar dhúshaothrú agus a cheart chun cabhair a fháil má dhéantar díobháil air.

An Staid Reatha

Ós rud é go raibh Henry cláraithe i scoil Éireannach, ní mór do Thúsla, an Gníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach, a treoirlínte a leanúint maidir le tinreamh scoile agus oideachas malartach má éiríonn mac léinn as an scoil. Tá feidhm aige seo fiú má tá an leanbh ina chónaí i dTuaisceart Éireann. Má dhéanann Túsla imscrúdú ar staid Henry, d'fhéadfadh sé cabhrú le gníomhaireachtaí an Tuaiscirt a chur ar an bhfios. Tá Gníomhaireacht Choireachta Náisiúnta na Breataine (NCA) sa Ríocht Aontaithe freagrach as sclábhaíocht nua-aimseartha a iniúchadh, lena n-áirítear dúshaothrú leanaí. Oibríonn siad leis an nGarda Síochána agus le Seirbhís Póilíneachta Thuaisceart Éireann (PSNI). Le ballraíocht na hÉireann agus na Breataine Móire de Europol, éascaítear an comhoibriú seo. Ós rud é nach bhfuil aon teorainn fhisiciúil againn, tá sé níos éasca d'oifigigh an teorainn a thrasnú agus faisnéis a roinnt. Is féidir le Túsla faisnéis a roinnt leis na póilíní ón dá thaobh den teorainn mar gheall ar an bhfíric go raibh Henry cláraithe sa scoil mar Náisiúnach Briotanach.

Príomhtheachtaireachtaí

Ba chóir do rialtais na hÉireann agus na Breataine níos mó coistí agus gníomhaireachtaí trasteorann a bhunú chun dul i ngleic le saincheistanna go héifeachtach agus le níos mó slándála ná mar atá ann faoi láthair.

Ba chóir do rialtais na hÉireann agus na Breataine méadú an méid faisnéise, staitisticí agus daonchumhachta a théann thar an teorainn. I ndiaidh an Bhreataimeachta, ba chóir don Bhreatain fanacht san ECRIS agus EUROPOL, beag beann ar phrótacail an AE.

Téama 4: Cosaint bhreise ag teastáil ó leanaí neamh-AE

Airteagal 22 – Má tú i do dhídean, tá ceart agat chun cúnaimh speisialta agus cead agat cónaí in áit éigin atá sábháilte, go háirithe má tá tú scartha ó do thuismitheoirí.

Airteagal 35 - Tá sé de cheart agat a bheith **faoi chosaint ionas nach ndéantar tú a fhuadach, a gháinneáil nó a dhíol.**

Cás-Staidéar ar Leanaí neamh-AE a bhfuil cosaint speisialta ag teastáil uathu Cúlra

Tá Ahmed 12 bliain d'aois. Rugadh é sa Damaisc, sa tSiria ach bhí iallach air teitheadh ón gcogadh cathartha lena theaghlach. Shroich Ahmed agus a theaghlach an Eoraip agus sannadh Tuaisceart Éireann orthu. Tá siad ag fanacht chun taisteal ann.

An Staid Reatha

Comhaontaíodh córas cuóta an AE i mí Mheán Fómhair 2015 mar bhealach chun freagracht a roinnt i measc na mballstát maidir le déileáil leis an ngéarchéim dídeanaithe a bhí ag dul i méid. Faoi chóras cuóta an AE, d'aontaigh an Ríocht Aontaithe glacadh le 20,000 dídean le 2,000 ag dul go Tuaisceart Éireann. Mar sin féin, b'fhéidir nach mbeidh ar an Ríocht Aontaithe cloí leis na cuótaí AE a thuilleadh tar éis an Bhreathimeachta. Ciallaíonn sé seo go mb'fhéidir go ndiúltofaí leanaí cosúil le Ahmed tearmainn sa Tuaisceart.

D'fhéadfadh Ahmed agus a theaghlach ciníochas agus idirdhealú a bhrath uair agus atá siad athlonnaithe. Is grúpa saineolaithe í an Chomhairle Eorpach um Chaoifhulaingt agus Athmhuintearas a d'fhorbair *Samhail-Reacht Náisiúnta i gcomhar Caoinfhulaingt a Chur Chun Cinn*. Tá sé beartaithe go nglacfar an dlí samhla seo i ngach Ballstát de chuid an AE chun caoinfhulaingt a chur chun cinn idir shochaithe éagsúla, deireadh a chur le coireanna fuath, aon éadulaingt atá bunaithe ar chlaonadh, biogóideacht agus ar chlaontacht a dhaoradh agus gníomh nithiúil a ghlacadh chun éadulaingt a chomhrac.

Beidh an Ríocht Aontaithe fós faoi cheangal coinbhinsiúin idirnáisiúnta ar nós an Coinbhinsiúin do Dhídeanaithe 1951 agus Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe um Chearta an Linbh - ach an nglacfaidh sí leis an dlí samhla maidir le caoinfhulaingt tar éis an Bhreathimeachta?

Príomhtheachtaireachtaí

Tá ceart ag gach leanbh chun sábháilteachta agus go bhfaighidís cosaint ar chogadh. Cén cuma a bheidh ar thiomantas na Breataine do dhídeanaithe tar éis an Bhreathimeachta? Níor cheart go mbeadh ar leanaí cosúil le Ahmed dul tríd idirdhealú nó éadulaingt i dtíortha óstacha. Ba chóir don Ríocht Aontaithe iarracht a dhéanamh chun caighdeán arna leagan amach ag an AE maidir le caoinfhulaingt agus frith-idirdhealú a chothabháil chun naimhdeas a chomhrac, a dhírítear ar imircigh éigeandála agus ar iarrthóirí tearmainn, naimhdeas a méadaíodh b'fhéidir leis an vóta Breatimeachta.

Cás-Staidéar ar Leanaí neamh-AE a bhfuil cosaint speisialta ag teastáil uathu

Cúlra

Is dídeanaí í Aysha ón tSiria atá 15 bliain d'aois, a shroich Calafort Bhaile Átha Cliath ina haonar. Cuireadh ar aghaidh í chuig an nGníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach, Túsla agus rinne oibrí sóisialta ón bhFoireann um Leanaí Scartha ag iarraidh Tearmainn measúnú uirthi. Fuair a h-oibrí sóisialta amach gur fhág Aysha an tSiria lena deartháir níos sine atá 22 bliain d'aois. Bhí siad scartha le linn an turais agus bhí sé athlonnaithe ó shin i lárionad EROC i dTuaisceart Éireann. Tá inní ar Aysha nach bhfeicfidh sí arís é.

Is mian le Aysha teacht le chéile arís lena deartháir i dTuaisceart Éireann. Faoi rialacháin an AE, dá ngairtear Baile Átha Cliath III, tá ceart dlíthiúil ag Aysha teacht le chéile le ball den teaghlach sa Ríocht Aontaithe. Mar sin féin, ní bheidh feidhm aige seo a thuilleadh nuair a fhágann an Ríocht Aontaithe an AE. Ina áit sin beidh ar leanaí ina n-aonar brath ar rialacha inimirceacha na Ríochta Aontaithe féin, lena ligtear do leanaí teacht le chéile lena dtuismitheoirí ach ní le baill teaghlaigh eile. Ciallaíonn sé seo go bhféadfadh leanaí neamhthionlactha ar nós Aysha a bheith scartha go buan óna dteaghlach tar éis an Bhreitheachta.

An Staid Reatha

Le hAirteagal 22 de Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe um Chearta an Linbh (UNCRC) luaitear freisin gur chóir do pháirtithe stáit cuidiú leis na leanaí dídeanaithe teacht le chéile lena dteaghlaigh.

Le rialacháin Bhaile Átha Cliath III ligtear do leanaí neamhthionlactha san Eoraip teacht le chéile le baill teaghlaigh i mballstáit eile. Áirítear leis seo deartháireacha fásta agus baill teaghlaigh eile ar nós ainteanna, uncailí agus seantuismitheoirí. Cosnaítear coincheap an teaghlaigh faoi dhlí idirnáisiúnta. Leis an Dearbhú Uilechoiteann Chearta an Duine agus an Cúnant Idirnáisiúnta ar Chearta Sibhialta agus Polaitiúla araon, foráiltear gur chóir teaghlach a urramú agus a chosaint mar aonad bunúsach sa tsochaí. Léirítear é seo freisin i gCairt Shóisialta na hEorpa i Réamhaithris 16.

Príomhtheachtaireachtaí

Ní mór do leanaí cosúil le Aysha cosaintí a bheith ar fáil di faoi Bhaile Átha Cliath III ionas gur féidir leo teacht le chéile arís le baill teaghlaigh go tapa agus go sábháilte. Tá sé ríthábhachtach nach ndéanann an Breitheacht difear do chearta na leanaí, go háirithe leanaí atá ag teitheadh cogaí agus géarleanúna. Is caighdeán íosta bunúsach é an ceart chun saol teaghlaigh atá gach leanbh i dteideal faoin UNCRC mura bhfuil siad i mbaol. Tá saol an teaghlaigh ríthábhachtach d'fhorbairt shláintiúil agus sonas linbh agus mar sin níor cheart an bunriachtanas seo a dhiúltú.

Téama 5: Sláinte agus Míchumas

Airteagal 23 - Má tá tú faoi aon chineál **míchumas**, tá sé de **cheart agat cúnamh speisialta** a fháil d'fhonn a chinntiú gur féidir leat saol iomlán a bheith agat agus páirt a ghlacadh i rudaí i do phobal. Níor cheart go mbeadh an t-airgead ina bhac air seo.

Airteagal 24 - Tá sé de cheart agat a bheith chomh sláintiúil agus is féidir, agus má tá tú tinn, caithfear **dea-sheirbhísí cúraim sláinte** a thabhairt duit. Tá sé de cheart agat maireachtáil i dtimpeallacht shlán, shláintiúil le bia maith agus uisce óil glan. Ní mór don Rialtas a chinntiú go dtugtar cúram sláinte maith do dhuine ar bith atá ag súil le páiste, agus tacaítear le tuismitheoirí chun a gcuid leanaí a choinneáil sláintiúil.

Cas-Staidéar ar chúram sláinte: Cás-staidéar ar sheirbhísí uile-oileáin do leanaí agus daoine óga

Cúlra

Tá Michael dhá bliana d'aois agus diagnósíodh go raibh galar croí ón mbroinn aige (steanóis aortach) ón am ar rugadh é. Tá meath tagtha ar an riocht agus is dócha go mbeidh gá le gnáthamh máinliachta a dhéanamh air nó mar sin. Tá Michael ina chónaí i mBaile an Chócaigh, lena thuismitheoirí agus a dheirfiúr níos sine atá ceithre bliana d'aois.

Cabhair ar fáil Anois

Ciallaíonn riocht Michael go ndéanfar a chóireáil tríd an nGréasán um Galar Croí ón mBroinn a d'fhógair rialtais, Thuaidh agus Theas, £42m de mhaoiniú, i mí Iúil 2016. Tá Michael ag fáil cóireála othair sheachtraigh in Ospidéal Ríoga Victoria do Leanaí i mBéal Feirste ach ós rud é go dteastaíonn gnáthamh máinliachta uaidh, is dócha go ndéanfar é seo in Ospidéal Mhuire na Leanaí, Baile Átha Cliath sna blianta amach romhainn uair agus a bheidh sé sách láidir. Mar aon le leanaí eile, gheobhaidh sé cúram réamhobráide agus iarobráide i mBéal Feirste.

Bunaíodh na socruithe ó rud é gur aithníodh gur chóir, i gcás cóireálacha annamha agus casta ar leith, go mbeadh 'líon chriticiúil' d'othair á gcóireáil chun ligean do shaineolas a fhorbairt. Seachas sin, níl na torthaí chomh maith agus fhéadfaí do na leanaí i gceist. Is féidir é seo a bhaint amach ar fud oileán na hÉireann, ach ní fhéidir a bhaint amach do dhaonra chomh bheag le daonra Thuaisceart Éireann.

Saincheisteanna le breithniú

Cén tionchar a bheidh ag an mBreathimeacht ar an Gréasán um Galar Croí ón mBroinn Uile-Oileáin? An mbeidh sé indéanta fós do thír atá san AE agus do thír nach bhfuil san AE socruithe dá leithéid a bheith eatarthu? Mura bhfuil, cén tionchar a bheidh aige ar sheirbhísí sláinte den sórt sin a sholáthar do leanaí agus do dhaoine óga?

Cas-Staidéar ar chúram sláinte: Scéim Cóireála Trasteorann

Cúlra

Tá Emma 14 bliain d'aois. Tá sí ina cónaí i Maigh Eo i bPoblacht na hÉireann agus chaith sí a saol go léir ann lena thuismitheoirí.

Ní mór go mbeadh cóireáil ortadóntaice ag teastáil ó Emma. Tá a cuid fiacla mí-ailínithe agus cuireann é seo isteach ar a cumas cainte. Bíonn tionchar aige seo ar a muinín. Tá náire uirthi mar gheall ar a fiacla, bhíothas ag saighdeadh fúithi ar scoil ar feadh ama fada agus ní ghlacann sí páirt i go leor gníomhaíochtaí sóisialta. Tá sí sách sean anois chun na teanntáin a theastaíonn uaithe a fháil. Tá sí ar liosta feithimh phoiblí i gcomhar cóireála ar feadh dhá bhliain anuas. Mar gheall ar an líon daoine

atá ar an liosta feithimh seo ní dócha go mbeidh cóireáil aici sula mbeidh sí 16 bhliain d'aois. Dúirt ortódóntóir Emma go bhféadfadh tionchar a bheith ag an bhfeitheamh seo ar fhorbairt a géill. Mar sin féin, níl i ndóthain acmhainní ag a tuismitheoirí chun an chóir leighis phríobháideach a íoc sa Dheisceart. Níl Emma ná a tuismitheoirí ag iarraidh fanacht dhá bhliain eile le haghaidh cóireála.

An Staid Reatha

Chuir tuismitheoirí Emma iarratas isteach chun a chóireáil a fháil faoin Scéim Cóireála Trasteorann. Is scéim ón AE é seo a ligean do dhaoine atá ag fanacht le cóireáil an cóireáil sin a fháil i stát eile den AE agus cuid de na costais nó na costais go léir a fháil ar ais. Chinn tuismitheoirí Emma í a thabhairt chuig ortódóntóir i mBéal Feirste. Ciallaíonn sé seo nach mbeidh ar Emma fanacht dhá bhliain eile le haghaidh cóireála.

Is é Scéim Cóireála Trasteorann ceann amháin de na scéimeanna AE lena ligtear do leanaí agus do dhaoine óga cóireáil a bheith acu i dtír eile san AE. Má tá an chóireáil riachtanach do na leanaí agus na daoine óga agus nach gcuirtear ar fáil iad in Éirinn, féadfaidh a dtuismitheoirí nó caomhnóirí iarratas a dhéanamh ar an Scéim Cóireála Thar Lear chun an chóireáil seo a fháil i mBallstát eile den AE. I go leor cásanna, leis an gcóireáil seo, cuirtear athrú ar a saol.

Príomhtheachtaireachtaí

Níor chóir go mbeadh tionchar diúltach ag an mBreatimeacht ar cheart leanaí agus daoine óga chun cúraim shláinte thráthúil agus riachtanaigh. Taistealaíonn go leor de na leanaí agus na daoine óga, a bhaineann leas as na scéimeanna seo, idir Éirinn agus an Ríocht Aontaithe i gcomhar cóireála.

Ba chóir go n-aontaíonn an Ríocht Aontaithe fanacht sna scéimeanna sláinte reatha de chuid an AE. Tá sé seo indéanta, má fhanann sí mar bhall de Limistéar Eorpach Eacnamaíoch (LEE). Tá tíortha an LEE (an Iorua, an Íoslainn, Lichtinstéin agus an Eilvéis) sna scéimeanna seo. Is mian linn soiléire a fháil, cibé an bhfanfaidh an Ríocht Aontaithe sa LEE nó nach bhfanfaidh. Más rud é nach amhlaidh an cás, ba chóir do rialtais na hÉireann agus na Ríochta Aontaithe idirbheartaíocht a dhéanamh ar scéimeanna.

Cas-Staidéar ar Chúram Sláinte: Cárta Eorpach um Árachas Sláinte (EHIC)

Cúlra

Tá Emma Jones 13 bliain d'aois agus is cailín folláin sláintiúil í. Tá sí ina chónaí i gCromghlinn, i dTuaisceart Éireann lena beirt tuismitheoir agus lena beirt deartháireacha. Bhí Emma agus a teaghlach ar laethanta saoire teaghlaigh sa Bhulgáir i rith sosa an tsamhraidh. Ar cheann de na turais lae le linn a laethanta saoire, d'fhreastail siad ar pháirc uisce ina raibh Emma ag iarraidh taitneamh a bhaint as marcaíocht uisce deann. Ar an drochuair, bhris sí a cnámh na lorga deise ar cheann de na marcaíochtaí seo. Tugadh Emma láithreach bonn chuig an ospidéal, ina ndearnadh scrúdú uirthi agus tugadh cóireáil di saor in aisce ós rud é go raibh Cárta Eorpach um Árachas Sláinte aici (EHIC).

Cabhair ar fáil Anois

Eisítear an Cárta Eorpach um Árachas Sláinte (nó EHIC) saor in aisce do dhuine ar bith atá ina chónaí de ghnáth san AE. Is féidir é a úsáid in aon bhallstát den AE agus i mballstáit an Limistéir Eorpach Eacnamaíoch. Is féidir é a eisiúint do dhuine ar bith atá árachaithe nó atá clúdaithe ag scéim slándála sóisialta rialtais nó a gcleithiúnaithe.

Ciallaíonn EHIC gur féidir leat cóireáil leighis riachtanach a fháil saor in aisce nó ar chostas laghdaithe má bhíonn tú tinn nó má tá timpiste agat le linn cuairt a thabhairt ar thír eile san Eoraip. Is féidir leat cóireáil a fháil chomh maith le linn cuairt a thabhairt thar lear le do EHIC má bhíonn cúram fadtéarmach ag teastáil uait, ar nós scagdhealú duán. Leis an EHIC ligeadh do Emma an cóir leighis a theastaigh uaithi a fháil saor in aisce sa chás seo.

Saincheisteanna le breithniú

An mbeidh an cárta EHIC fós bailí nuair a fhágann an Ríocht Aontaithe an tAontas Eorpach? An mbeidh an cárta EHIC fós inmharthana má fhanann an Ríocht Aontaithe laistigh den Limistéir Eorpach Eacnamaíoch (LEE)? An gcoimeádfar na socruithe cóireála sláinte idir Éirinn agus an Ríocht Aontaithe?

Téama 6: Oideachas

Airteagal 17 - Tá sé de **cheart agat rochtain a fháil ar fhaisnéis** atá tábhachtach do d'fholláine, mar shampla ó láithreáin ghréasáin, teilifís, meáin shóisialta srl.

Airteagal 28 - Tá sé de **cheart agat oideachas bun scoile agus meánscoile a fháil**, agus ba chóir don rialtas a chinntiú go mbíonn deis chomhionann ag gach duine óg freastal ar choláiste nó ar ollscoil. Ba chóir go n-urramaíonn scoileanna do chearta agus go gcaitheann siad leat le dínit i gcomhthéacs smachta ar scoil.

Airteagal 29 - Ba chóir go **gcuidíonn d'oideachas leat do scileanna a fhorbairt** agus forbairt iomlán a dhéanamh ar do phearsantacht, ba chóir go múineann sé duit faoi do chearta féin agus faoi chearta na ndaoine eile agus go n-ullmhaíonn sé tú don saol aosach. Ba chóir go gcuidíonn d'oideachas leat meas a bheith agat ar do thuismitheoirí, ar do chúla cultúrtha féin agus ar do luachanna náisiúnta. Ba chóir go gcuireann oideachas comhionannas chun cinn agus go gcabhraíonn sé leat tuiscint agus caoinfhulaingt a fhorbairt do dhaoine eile, agus meas a bheith agat ar an timpeallacht nádúrtha.

Cas-Staidéar ar Oideachas: Erasmus +

Cúlra

Tá Ciara 14 bliain d'aois agus tá cónaí uirthi i mBéal Feirste lena teaghlach. Tá sí ar tí tús a chur le staidéar a dhéanamh le haghaidh a TGManna. Tá suim mhór ag Ciara i dTeangacha Nua-Aimseartha agus tá sí ag déanamh staidéir ar an bhFraincis agus ar an nGearmáinis don TGM agus ba mhaith léi leanúint ar aghaidh leis na teangacha san Ard-Oideachas. Bhí páirt ag a scoil i malartuithe óige le scoileanna comhpháirtíochta san Fhrainc agus sa Ghearmáin le roinnt blianta anuas agus chabhraigh sé seo le daltaí a bhfuil teanga á foghlaim acu.

Cabhair ar fáil Anois

In Airteagal 165 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, foráiltear go gcuideoidh na ballstáit le hoideachas ardchaighdeáin idir bhallstáit a fhorbairt.

Is clár an Aontais Eorpaigh um oideachas, oiliúint, óige agus spórt é Erasmus +. Tá sé mar aidhm aige oideachas, oiliúint agus obair óige a nuachóiriú ar fud na hEorpa. Cuireann sé deiseanna spreagúla ar fáil do rannpháirtithe na Ríochta Aontaithe agus na hÉireann chun staidéar, obair, obair dheonach, múineadh agus oiliúint a dhéanamh thar lear san Eoraip.

Tá sé ar siúl ar feadh seacht mbliana, ó 2014 go 2020. Tá an clár ag leath-bealaigh sa Ríocht Aontaithe anois agus leithdháileadh 500 milliún euro ar thionscadail agus ar ghníomhaíochtaí ó 2014.

Saincheisteanna le breithniú

Ba cheart go gcosnófaí cearta na leanaí agus na ndaoine óga chun oideachais agus go neartófaí go hiomlán a gcuid scileanna, buanna agus cumais leis an oideachas sin i ndiaidh an Bhreitheachta.

Dhearbhaigh Rialtas na Ríochta Aontaithe go bhfrithgheallfaidh an Státhiste na comhaontuithe deontais don Erasmus + a shíniú agus atá an Ríocht Aontaithe fós ina Bhallstát den AE, ach cad a tharlóidh tar éis an Bhreitheachta? An mbeidh daoine óga fós in ann leas a bhaint as an gclár Erasmus +?

Cas-Staidéar ar Oideachas: Oideachas Trasteorann

Cúlra

Tá Emily 12 bliain d'aois agus tá sí ina cónaí i nDún na nGall, in aice leis an teorainn le Doire. Téann sí ar a bunscoil áitiúil i nDún na nGall agus beidh sí ag tosú an meánscoil an bhliain seo chugainn.

Ba mhaith le tuismitheoirí Emily í a chur ar scoil i nDoire. Tá go leor cúiseanna ann do seo:

- Tá an scoil gar do Ospidéal Allt Mhic Dhuibhleacháin inar fhreastail Emily ar CHÓICE, clár tacaíochta diaibéitis do leanaí agus do dhaoine óga. Le maoiniú ón AE, cuireadh an clár seo ar fáil do na leanaí agus na daoine óga go léir ar fud ceantar incháilithe de Thuaisceart Éireann agus na contaetha teorann i bPoblacht na hÉireann. Rinne Emily a lán cairde ar an gclár seo agus ba mhaith léi dul chuig an meánscoil chéanna leo. Is mian lena tuismitheoirí freisin go mbeadh sí in ann leanúint ar aghaidh rochtain a fháil ar thacaíocht ón gclár.
- Tá an teaghlach ina gcónaí ar an teorainn agus is í an scoil is gaire dá dteach.
- Tá Emily ag iarraidh dul chuig an scoil.

Chláraigh tuismitheoirí Emily í i scoil i nDoire. Mar sin féin, níl siad cinnte a chor ar bith, faoin tionchar a bheidh ag an mBreatimeacht ar a rochtain ar scoil sa Tuaisceart. An mbeidh sí fós in ann rochtain a fháil ar oideachas i dTuaisceart Éireann? Cén chaoi a gcuirfidh rialuithe teorann nua isteach ar a turas laethúil thar an teorainn?

Cúrsaí faoi Láthair

Faoi láthair tá go leor leanaí ó Phoblacht na hÉireann ag dul ar scoil sa Tuaisceart agus a mhalairt. Cé go gcaithfidh scoileanna áiteanna a thabhairt do leanaí as a gcuid féin d'Éirinn ar dtús, níl aon chonstaicí eile ann chun dul ar scoil ar an taobh eile den teorainn. Níl aon teorainn chrua ann ná níl aon rialuithe teorann agus mar sin ní chuirtear isteach ar thaisteal chuig agus ón scoil.

Príomhtheachtaireachtaí

Ba chóir go mbeadh rialtais na Ríochta Aontaithe agus na hÉireann ag obair chun a chinntiú go bhféadfaidh leanaí agus daoine óga freastal ar scoil thar an teorainn.

Téama 7: Caighdeán Maireachtála

Airteagal 18 - Ba chóir go gcuireann an Rialtas in iúl go soiléir go bhfuil an beirt tuismitheoir freagrach as tú a thógáil, agus ba chóir dóibh smaoineamh ar cad is fearr duit. Ba chóir don Rialtas **cabhrú le do tuismitheoirí aire a thabhairt duit i gceart**, lena n-áirítear cuidiú leo cúram leanaí a fháil nuair a bhíonn siad ag obair.

Airteagal 26 - Tá sé de cheart agat **sochair shlándála sóisialaí a fháil** ón rialtas más bhíonn siad ag teastáil uait. D'fhéadfadh sé go gciallódh sé seo airgead le haghaidh tithíochta nó costais mhaireachtála.

Airteagal 27 - Tá sé de cheart agat **caighdeán maireachtála leordhóthanach a fháil** le haghaidh d'fhorbairt fhisiciúil, mheabhrach agus shóisialta. Tá sé de dhualgas ar do tuismitheoirí a chinntiú go soláthraítear duit ach, nuair is gá, ba cheart don Rialtas cuidiú freisin, go háirithe maidir le do riachtanais bhunúsacha a chomhlíonadh, lena n-áirítear áit le cónaí, bia agus éadaí.

Cás-Staidéar ar chaighdeán maireachtála: teaghlach feirmeoireachta

Cúlra

Tá John 10 mbliana d'aois. Tá sé ina chónaí ar a bhfeirm theaghlaigh lasmuigh d'Inis Ceithleann lena tuismitheoirí, lena bheirt dheartháir atá níos sine agus lena dheirfiúr atá níos óige. Is mian a croí é fás aníos agus a bheith ina fheirmeoir ar nós a athar

Ar dtús bhí athair John i bhfabhar an Bhreatimeachta, in ainneoin go raibh cuid mhór den ioncam don fheirm ag teacht ó fhóirdheontais an AE. Mhothaigh sé go raibh an riglisnéis mhaorlathach bearránach, agus thuig sé go bhféadfadh an t-airgead a bhí á íoc leis an AE a úsáid le haghaidh na bhfóirdheontais d'fheirmeoirí. Ach, ó tharla an reifreann, áfach, tá an-imní air faoi thodhchaí a fheirme, agus ar a chumas soláthar dá theaghlach. Rinne sé uasghrádú ar a threalamh blite dhá bhliain ó shin agus tá sé i bhfiacha móra. Measann sé nach bhfuil ach cúpla roghanna aige maidir le hobair sa todhchaí, ós rud é gurb í an fheirmeoireacht an t-aon rud atá ar eolas aige.

Cabhair ar fáil Anois

Fóirdheontais feirmeoireachta: Dúirt an Roinn Talmhaíochta agus Gnóthaí Tuaithe (DEARA) i dTuaisceart Éireann go dtagann cion suntasach d'ioncam feirmeoireachta i dTuaisceart Éireann ón AE. Is ionann seo agus thart ar €300 milliún d'airgead an AE. Níor thug rialtas na Ríochta Aontaithe aon tiomantas do na fóirdheontais a athsholáthar san fhadtéarma.

Margadh aonair: Faoi láthair, is féidir le athair John obair le feirmeoirí eile thar an teorainn amhail is dá mba rud é nach raibh aon teorainn ann (déantar an ceathrú cuid den bhainne go léir a tháirgtear i dTuaisceart Éireann a onnmhairiú chuig Poblacht na hÉireann). Ní chuirtear aon taraifí i bhfeidhm nuair a dhíolann sé a bhainne thar an teorainn. (Is íocaíocht í 'taraif' a bhíonn riachtanach de ghnáth nuair a dhíoltar táirgí taobh amuigh de do thír féin). Measann Cumann Bia agus Dí Thuaisceart Éireann go dtiocfadh méaduithe de 47% agus 58% ar phraghasanna ime agus cáise má dhíolann siad don AE (lena n-áirítear Poblacht na hÉireann).

Tá ar fheirmeoirí na Ríochta Aontaithe cloí le caighdeáin arda an AE maidir le cóireáil ainmhithe agus táirgeadh bia. Tar éis an Bhreitheachta, d'fhéadfadh go mbeidh ar fheirmeoirí dul i mbun iomaíochta le táirgí déiríochta ó thíortha eile nach bhfuil na caighdeáin sábháilteachta eitice / bia chéanna acu, agus dá bhrí sin bheadh siad i bhfad níos saoire.

Saincheisteanna le breithniú

Cé gur cosúil go bhfuil na saincheisteanna a bhaineann le trádáil, fóirdheontais agus taraifí i bhfad ó chearta na leanaí, d'fhéadfadh tionchar suntasach a bheith ag na nithe seo ar theaghlaigh de na mílte leanaí i dTuaisceart Éireann agus ar an gcaoi a bhféadfaidh a dteaghlaigh a gcaighdeán maireachtála a chothabháil sa todhchaí.

Tá sé de cheart ag leanaí agus daoine óga dea-chaighdeán maireachtála a bheith acu, agus ní mór do rialtais tacú le tuismitheoirí soláthar dá leanaí. Tá sé de cheart ag John gan maireachtáil sa bhochtaineacht, agus go gcomhlíonfar a riachtanais bhunúsacha maidir le bia, teach, éadaí, srl.

Leis an earnáil thalmhaíochta-bhia i dTuaisceart Éireann tugtar thart ar £4.6 Billiún do gheilleagar Thuaisceart Éireann, agus tá daoine fostaithe i ngnólachtaí thalmhaíochta-bhia beaga nó móra i ngach sráidbhaile agus baile ar fud Thuaisceart Éireann. Bíonn tionchar ag todhchaí na hearnála thalmhaíochta-bhia ar ioncam na todhchaí do theaghlaigh ar fud Thuaisceart Éireann, ach go háirithe i gceantair thuaithe.

Ba cheart go n-aithníonn rialtas na Ríochta Aontaithe staid uathúil na hearnála thalmhaíochta-bhia i dTuaisceart Éireann, agus iarracht a dhéanamh a chinntiú go bhfuil gnólachtaí (lena n-áirítear feirmeoirí) in ann leanúint ar aghaidh ag obair le feirmeoirí ar fud oileán na hÉireann, agus chun trádáil a dhéanamh thar an teorainn gan taraifí a íoc. Ba cheart go ndéanfaidh sí iarracht sábháilteacht bia agus caighdeáin eiticiúla an AE a choimeád, agus nach ligfeadh sí do tháirgí de chaighdeán níos ísle ó thíortha eile a allmhairiú agus a dhíol i dTuaisceart Éireann ag praghsanna níos saoire.

Ní mór do rialtas na Ríochta Aontaithe machnamh a dhéanamh freisin ar conas a fhéadtar na híocaíochtaí taraife a athsholáthar, ionas nach bhfuil aon 'imill na haille' ann d'fheirmeoirí más rud é go gcuirfí críoch go tobann le íocaíochtaí fóirdheontais.

Cás-Staidéar ar chaighdeán maireachtála: Maoiniú AE

Cúlra

Is cailín í Sarah atá 15 bliain d'aois agus ina cónaí i gceantar faoi mhíbhuntáiste i nDoire. Tá sé beartaithe aici an scoil a fhágáil an bhliain seo chugainn, agus dul go Met Béal Feirste (Breisoideachas) - chun staidéar a dhéanamh ar Ghnó agus Airgeadais.

Cabhair ar fáil anois

Tá droch-chaoi ar a pobal, ach tá pleananna ann chun infheistíocht a dhéanamh i bhforbairt áiseanna pobail nua - Lárionad Sláinte, Mol Fostaíochta, Ionad Tacaíochta Teaghlaigh, Saoráidí Óige. Níl sé soiléir an dtarlóidh sé seo anois - bhí sé ag brath ar mhaoiniú Eorpach.

Níl go leor le déanamh ina pobal do leanaí agus do dhaoine óga - agus bhí an mhéid a bhí ag tarlú (m.sh. gníomhaíochtaí oibre don óige) ag brath ar Mhaoiniú Síochána na hEorpa. Mhínigh na hoibrithe go raibh an réamh-mhaoiniú Síochána caite agus anois bhí gá le rudaí a ghearradh siar, agus níl sé soiléir an leanfar leis an maoiniú nuair a fhágann an Ríocht Aontaithe an AE.

Saincheistanna le breithniú


Bíonn sí ag éisteacht freisin leis an tionchar a d'fhéadfadh a bheith ag an mBreatimeacht ar an ngeilleagar agus tá imní uirthi faoi na deiseanna a mbeidh ann di nuair a chríochnaíonn sí a cúrsa.

Aguisín 3: Ceistanna ó rannpháirtithe óga don phainéal

Le linn na comhdhála, iarradh ar rannpháirtithe ceistanna a chur isteach i ndáil leis an mBreatimeacht ag baint úsáide as an aip SLIDO. Ansin cuireadh na ceistanna is coitianta ar vóta ar SLIDO agus cuireadh an chéad 5 cheist ar bharr ar bhail an phainéil. Taispeántar thíos na ceistanna is coitianta agus an líon vótaí a fuair siad ó na rannpháirtithe.

Ceist	Scór
Má ghortaíonn duine leanbh ar thaobh amháin den teorainn agus bogann sé go taobh eile, cén tionchar a bheidh ag an mBreathimeacht air sin?	56
An gcuirfear bac ar rochtain ar ospidéal trasteorann i gcúinsí T&É a d'fhéadfadh a bheith bagrach don bheatha?	54
Cad é an rud is dearfaí maidir leis an AE a fhágáil?	54
An mbeidh daoine ón tuaisceart fós a bhfuil saoránacht Éireannach agus pasanna Éireannacha acu fós i dteideal chearta shaoránach an AE tar éis an Bhreathimeachta (mar shampla, Cárta Eorpach um Árachas Sláinte, sairse gluaiseachta)?	42
Cén tionchar a mbeidh ag an mBreathimeacht ar mhic léinn atá ina gcónaí sa Tuaisceart ach ag déanamh staidéir sa Deisceart agus a bhfuil déshaoránacht acu?	41
An féidir le James McClean imirt d'Éirinn fós cé gur as an Tuaisceart é?	39
An mbeidh saoránaigh Thuaisceart Éireann fós i dteideal pas na Breataine agus na hÉireann araon?	35
Cad is féidir a dhéanamh chun cosaint a thabhairt dóibh siúd a ndéantar idirdhealú coitianta orthu ar an tionchar a bheidh ag an mBreathimeacht orthu? An bhfeiceann tú aon réitigh air?	33
Bhí cainteanna ann faoi mhéadú teacht ar pharaimíleatacha de bharr an Bhreathimeachta. An gcreideann tú go mbeidh bagairt níos airde de paraimíleatacha ann?	32
An féidir linn breathnú ar aon tír nach bhfuil san AE a oibríonn leis an AE ar nós an Iorua le haghaidh inspioráide?	25
An n-úsáidfear cuid den airgead a shábhálann státchiste na Ríochta Aontaithe ó tháillí ballraíochta an AE go háitiúil chun caighdeán maireachtála Thuaisceart Éireann a ardú? Mar shampla, seirbhísí míchumais / tuilte?	25
An bhfuil an rialtas ag obair ar aon straitéis idirthréimhse maidir le heisiúint d'fhóirdheontais talmhaíochta?	23

Nótaí



#

IsármBreathimeachéfreisín

Oifig an Ombudsman do Leanáí

Teach na Mílaoise
52-56 Sráid na Trá Mhór
Baile Átha Cliath 1, D01 F5P8, Éire
T: 01 865 6800
R: oco@oco.ie
Ceisteanna as Gaeilge:
ombudsmandoleanai@oco.ie
SG: www.oco.ie
Twitter: @OCO_ireland

Tá leagan achoimre den tuarascáil ar fáil chomh maith, téigh i dteagmháil leis na hoifigí le haghaidh cóip de seo a fháil, nó breathnaigh air ar a láithreáin ghréasáin.

Coimisinéir Thuaisceart Éireann um Leanáí agus Daoine Óga

Teach an Chomhionannais
7-9 Cearnóg Shaftesbury
Béal Feirste BT2 7DP
T: 028 9031 1616
R: info@niccy.org
SG: www.niccy.org

Twitter: @nichildcom

Facebook: www.facebook.com/nichildrenscommissioner

Instagram: niccy_yp